2002 Tuarascáil Bhliantúil

Standards in Public Office Commission
Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

TuarascáilBhliantúil 2002

Standards in Public Office Commission
Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Brollach

De réir fhorálacha alt 27(2)(a) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, is mór agam Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí do 2002 a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais.

An Breitheamh Matthew P. Smith
Cathaoirleach

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Meitheamh 2003

An Breitheamh Matthew P. Smith
Cathaoirleach

John Purcell

Kevin Murphy

Kieran Coughlan

Deirdre Lane

Liam Kavanagh

Standards in Public Office Commission
Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Clár Ábhair

Réamhrá leis an gCathaoirleach **4**

Caibidil 1

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 (Na hAchtanna um Eitic) **8**
Bunú an Choimisiúin um Chaighdeáin 8
An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (An tAcht um Chaighdeáin) 8
Fianaise ar Urramú na nAchtanna Cánach 9
Cóid Iompair 10
Cóid Iompair do Chomhaltaí de Dhá Theach an Oireachtais 10
Cód Iompair do Shealbhóirí Oifige 10
Cóid Iompair do Stiúrthóireachtaí agus do Phoist i gComhlachtaí Poiblí 11
Treoirlínte agus Comhairle 11
Coinbhleacht Leasa 12

Caibidil 2

Na hAchtanna Toghcháin, 1997 go 2002 (Na hAchtanna Toghcháin) **15**
Olltoghchán do Dháil Éireann 15
Olltoghchán do Sheanad Éireann 22
Síntiúis arna nochtadh ag Teachtaí Dála, Seanadóirí agus Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa i 2002 22
Síntiúis arna nochtadh ag páirtithe polaitíochta i 2002 23
Maoiniú Státchiste do pháirtithe polaitíochta 25
Clárú Tríú Páirtithe 33
Aonaid Chuntasaíochta 37
Athbhreithniú ar Reachtaíocht 38

Caibidil 3

Saoráil Faisnéise **40**

Caibidil 4

Costais i 2002 **42**

Réamhrá leis an gCathaoirleach

Is é seo an chéad tuarascáil bhliantúil den Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin) a bunaíodh i mí na Nollag 2001 faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 (An tAcht um Chaighdeáin). Tháinig an Coimisiún um Chaighdeáin in ionad, agus ghlac feidhmeanna uile, an iar-Choimisiúin um Oifigí Poiblí a bunaíodh i mí na Samhna 1995 faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (Acht 1995). Tugtar na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, (na hAchtanna um Eitic) ar Acht 1995 agus ar an Acht um Chaighdeáin le chéile.

Ba mhór an onóir dom gur cheap an tUachtarán mé mar an gcéad Chathaoirleach ar an gCoimisiún um Chaighdeáin, ar chomhairle an Rialtais, i ndiaidh rún a rith dhá Theach an Oireachtais. Is pribhléid dom é go bhfuil mar chomh-Choimisinéirí agam an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an tOmbudsman, Cléireach Dháil Éireann, Cléireach Sheanad Éireann agus an tUasal Liam Kavanagh a bhí ina Theachta Dála, ina Aire agus ina chomhalta de Pharlaimint na hEorpa. Láidríonn an tAcht um Chaighdeáin go mór an corpas reachtaíochta um eitic mar a thuairisceofar níos mine níos faide anonn sa tuarascáil seo, agus ionchorpraíonn sé cuid mhaith de na moltaí a rinne an t-iar-Choimisiún um Oifigí Poiblí.

Ónár dtaithí go dtí seo feictear go bhfuil faire leanúnach sa chothabháil caighdeán eitice fíor-riachtanach chun macántacht a shlánchosaint agus chun dul i ngleic le héilliú. Taispeánann imeachtaí in Éirinn le blianta beaga anuas, lena n-áirítear ábhar ag teacht as binsí fiosraithe agus as fiosruithe poiblí eile, go bhfuil géarghá le monatóireacht a dhéanamh agus, nuair is cuí, caighdeáin a ardú go leanúnach ar mhaithe leis an leas poiblí. Tá an Coimisiún um Chaighdeáin, mar chomhlacht arna bhunú ag an Oireachtas chun maoirseacht a dhéanamh ar an dá Acht um Eitic agus ar na hAchtanna Toghcháin, 1997 go 2002 (na hAchtanna Toghcháin), tiomanta i leith mórchion a dhéanamh i dtreo an chuspóra sin.

Tá sé i gcuntas cheana féin go ndúirt mé go raibh dul chun cinn mór déanta i dtéarmaí corpas leathan reachtaíochta a chur i bhfeidhm a chruthaíonn cuid mhaith oibleagáidí nua i dtéarmaí nochta leasanna ag parlaiminteoirí agus ag seirbhísigh phoiblí agus a thugann isteach rialáil chuimsitheach i réimse an mhaoinithe pholaitiúil. Is ábhar trua é nach bhfuil, den chuid is mó, fíorthairbhí agus tairbhí an-inbhraite na reachtaíochta sin, agus forbairtí eile, tar éis an mheasúnacht dhearfach a thuilleann siad a mhealladh agus go bhfuil an chuma air go ndíríonn na meáin agus tráchtairí eile go hiomlán, nach mór, ar fhachtóirí diúltacha. Baineann coincheap na hoscailteachta, na cuntasachta agus na trédhearcachta, atá ionchorpraithe go soiléir sa reachtaíocht, le hábhar neamh-inrochtana a bheith os comhair an phobail anois níos mó ná mar a bhí go nuige seo. Ní mór a aithint freisin go bhfuil mór-athrú tarlaithe le blianta beaga anuas agus ní mór do na daoine sin a thuairiscíonn imeachtaí, nó atá ina múnlaitheoirí tuairimí, glacadh leis go bhfuil oibleagáid orthu cothromaíocht a chur ar fáil, lena n-áirítear creidiúint a thabhairt nuair atá a leithéid dlite, le linn dóibh déileáil le nithe a ngabhann tábhacht phoiblí mhór leo.

Is oth liom a rá, ó mo thaithí go nuige seo, nach bhfuil fianaise mhór ar an gceann deireanach díobh sin. Is é an toradh air sin ná go bhfuil cuid mhaith saoránach, agus breathnóirí cumhachtacha seachtracha ar ghnóthaí na hÉireann, den tuairim go bhfuil fadhb mhór éillithe san earnáil phoiblí againn. Tacaítear leis an tuairim sin le, mar shampla, torthaí an chomhlachta idirnáisiúnta Transparency International ina ndearnadh, ina Innéacs Aireachtála Éillithe, Éire a rangú sa 23ú háit as 102 thír a ndearnadh suirbhé orthu, titim ón 18ú háit a bhí aici i 2001. Is iad na foinsí a úsáideadh agus suíomh na hÉireann á chinneadh ná Ollscoil Columbia, an Institiúid um Fhorbairt Bainistíochta

Standards in Public Office Commission
Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

san Eilvéis, an tAonad Faisnéise Coiriúla agus an Fóram Eacnamaíoch Domhanda. As na torthaí d'éirigh tráchtaireacht i bhfoilseachán amháin ar a laghad *"go bhfuil éilliú ina théama lárnach de shaol agus de pholaitíocht na hÉireann agus go meastar anois go bhfuil Éire ar cheann de na stáit Eorpacha is éillithí"*. Ní ghlacaim le ceachtar den dá áiteamh sin. Is é an t-ábhar imní atá ann, áfach, ná go bhfuil an tuairim amuigh agus d'fhéadfadh sé go gcothódh sé sin damáiste don tír seo ar roinnt bealaí, lena n-áirítear i ndáil le hinfheistíocht isteach.

Chun mo phointe faoin ngá le cothromaíocht a léiriú, is fiú aird a tharraingt ar an gcaoi, i gcontrárthacht le torthaí Transparency International, gur tháinig GRECO (Grúpa Stát in aghaidh an Éillithe), comhlacht a bhfuil an-mheas air a oibríonn faoi choimirce Chomhairle na hEorpa, ina thuarascáil measúnachta ar Éirinn i 2002 a bhí bunaithe ar staidéar fíorasach seachas tuairimí, ar an gconclúid *"go bhfuil an chuma air go bhfuil Éire sa ghrúpa de chomhaltaí sin GRECO ar lú an tionchar a imrítear orthu ag an éilliú"*. Go spéisiúil, rinneadh suntas mór de thorthaí Transparency International sna meáin agus in áiteanna eile agus ní dhearnadh, feadh m'eolais, aon trácht ar staidéar GRECO.

Mar atá an cás sa chuid is mó tíortha, tá cuid mhaith saincheisteanna ann a théann i gcion ar an Rialtas agus ar an tsochaí shibhialta i réimsí mar an timpeallacht, coireanna, cúram sláinte, tithíocht, seirbhísí sóisialta, bonneagar, srl. Ag maíomh, áfach, mar a tharlaíonn de réir dealraimh ar bhonn rialta agus gan mórán machnaimh, go bhfuil éilliú i gcroílár na ndeacrachtaí atá againn sna gnóthaí sin go léir ní sheastar an fód in aghaidh scrúdain oibiachtúil. Tá sé fíorthábhachtach, ar mhaithe leis an leas náisiúnta, nuair a labhraimid faoi éilliú gur léir dúinn cén chiall atá leis, is é sin mí-úsáid oifige poiblí chun críocha gnóthachain phríobháidigh agus ní rud eile ar fad. Tá an t-ádh linn sa tír seo go bhfuil seirbhís phoiblí againn atá tar éis a bheith saor ó éilliú, go feadh méid an-mhór. Baineann aon fhianaise ar bhriseadh dlí atá tagtha chun solais le líon an-bheag pearsan aonair a bhfuil a n-iompar i gcontrárthacht mhór leis an gcion a dhéanann na mílte seirbhíseach poiblí atá tar éis fónamh, thar na blianta ó bunaíodh an stát, i gcuid mhaith cáileanna éagsúla go hionraic agus go macánta ar mhaithe leis an leas poiblí. Gan dabht, níl aon ábhar bogáis ann agus ní mór dúinn a bheith daingean inár rún maidir le déileáil go héifeachtach leo sin a dhéanfadh, lena ngníomhartha nó éigníomhartha, an bonn a bhaint de na bunphrionsabail ar a bhfuil ár ndaonlathas bunaithe. Tá sé beagán íorónta, agus is ábhar trua é, go bhfuil cáineadh ár gcóras rialaithe eascartha ón gcur chuige atá glactha againn, lena ndéileáiltear le deacrachtaí roimhe ar bhealach an-phoiblí, mar atá tarlaithe leis na binsí éagsúla. Ní thacaítear leis an gcáineadh sin, den chuid is mó, ag na fíorais a thaispeánfadh, dar liomsa, nach bhfuil amhras caite ar mhacántacht an phróisis cinnteoireachta.

Feicfear gur bhliain fhíordhúshlánach a bhí i 2002 don Choimisiún nuabhunaithe um Chaighdeáin. Ba ghá a chinntiú go raibh nósanna imeachta i bhfeidhm chun éifeacht a thabhairt do na forálacha a fhaightear in Acht um Chaighdeáin. Bhí sé riachtanach freisin struchtúir a cheapadh chun déileáil le nithe a d'éirigh as na hAchtanna Toghcháin maidir le holltoghcháin na Dála agus an tSeanaid. Ba é toghchán na Dála an chéad olltoghchán riamh a tionóladh faoi rialáil iomlán na nAchtanna Toghcháin i ndáil le caiteachas agus síntiúis toghcháin.

Is é príomhchuspóir an Choimisiúin um Chaighdeáin, le linn dó maoirseacht a dhéanamh ar na hAchtanna um Eitic agus ar na hAchtanna Toghcháin, ná seirbhís faisnéise, treoraithe agus comhairle a chur ar fáil dá chliaint. Féachann an Coimisiún um Chaighdeáin air mar eilimint fhíorthábhachtach den dualgas curtha air ag an

Oireachtas chun a chinntiú go bhfuil a chuid cliant go léir go hiomlán ar an eolas faoina ndualgais agus faoina bhfreagrachtaí agus go bhfuil an chomhairle a thugtar agus na treoirlínte a fhoilsítear cuimsitheach, cruinn agus éifeachtúil. In imthosca neamhurramaithe, bainfidh an Coimisiún um Chaighdeáin, nuair is cuí, úsáid as a chumhachtaí imscrúdaithe faoi na hAchtanna um Eitic agus as a chumhachtaí atreoraithe chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i gcás go bhfuil sárú na nAchtanna Toghcháin ann. Tá bunachar cliant an Choimisiúin um Chaighdeáin fairsingthe chuig comhaltaí de dhá Theach an Oireachtais anois, lena n-áirítear sealbhóirí oifige, comhaltaí de Parlaimint na hEorpa, státseirbhísigh shinsearacha, stiúrthóirí agus feidhmeannaigh i mbreis is 100 cuideachta leathstáit, comhairleoirí speisialta de chuid Airí, páirtithe polaitíochta, iarrthóirí agus a ngníomhairí toghcháin ag toghcháin na Dála, an tSeanaid, Pharlaimint na hEorpa agus uachtaránachta, aonaid chuntasaíochta de chuid páirtithe polaitíochta agus tríú páirtithe atá páirteach i ngníomhaíocht pholaitiúil.

Bhí bunú an Choimisiúin um Chaighdeáin, agus a réamhtheachtaí, An Choimisiún um Oifigí Poiblí, agus achtú na reachtaíochta dá dtagraítear thuas mar chuid de fhreagairt chomhbheartaithe agus fhairsing ar éileamh ar thrédhearcacht níos mó sa saol poiblí. Folaíonn eilimintí tábhachtacha eile an tAcht um Choistí Thithe an Oireachtais (Inordaitheacht, Pribhléidí agus Díolúintí Finnéithe), 1997, agus, le déanaí, an tAcht Rialtais Áitiúil, 2001, ina soláthraítear do chód eiticí d'oifigigh agus do chomhaltaí d'údaráis áitiúla. Gan dabht, de réir mar a théitear ar aghaidh, beidh gá le mionchoigeartú agus fairsingiú breise a dhéanamh ar na dlíthe agus nósanna imeachta maidir le gnóthaí eitice agus toghcháin. Thar aon ní eile, leanfaidh bunphrionsabail na ceannaireachta agus an spreagtha ó na leibhéil is airde den tseirbhís phoiblí de bheith fíorthábhachtach chun a chinntiú go gcothabháiltear na caighdeáin iompair a bhfuil súil againn leo anois sa tseirbhís phoiblí agus gur féidir le saoránaigh na tíre seo a bheith muiníneach go dtabharfar tosaíocht don leas poiblí thar leasanna pearsanta seirbhíseach poiblí aonair.

Is mian liom creidiúint a thabhairt do mo chomh-Choimisinéirí a thug sárthacaíocht dom le linn na chéad bhliana agam mar Chathaoirleach agus atá tar éis fónaimh le dúthracht agus díograis mhór. Is mian liom freisin creidiúint a thabhairt don iar-Choimisiún um Oifigí Poiblí a chuir tús leis na frámaíochtaí rialúcháin agus a rinne an méid sin oibre luachmhaire chun na bunúis a shocrú don mhaoirseacht ar na hAchtanna um Eitic agus ar na hAchtanna Toghcháin.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Rúnaí an Choimisiúin um Chaighdeáin, an tUasal Brian Allen, agus lena shárfhoireann as a dtiomantas leanúnach agus as an obair dhian a rinne siad le linn na bliana. Tá an raon tascanna atá le déanamh ag an gCoimisiún um Chaighdeáin chomh leathan sin anois go mbeadh sé dodhéanta dó a chuid oibleagáidí reachtúla ar fad a chomhlíonadh ar mhodh tráthúil agus éifeachtach murach an cúnamh iontach a thugtar dó ag an Rúnaíocht.

Tuarascáil Bhliantúil 2002

1

Caibidil 1

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 (Na hAchtanna um Eitic)

Bunú an Choimisiúin um Chaighdeáin

Bunaíodh an Coimisiún um Chaighdeáin ag an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, (an tAcht um Chaighdeáin) faoinar leasaíodh cuid mhaith d'fhorálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (Acht 1995), agus lenar tugadh isteach roinnt forálacha nua i réimsí nach raibh rialaithe roimhe. Ach go háirithe, tugann an tAcht um Chaighdeáin forálacha isteach a éilíonn táirgeadh fianaise ar urramú na reachtaíochta cánachais ag comhaltaí den dá Theach agus ag pearsana a ceapadh go hoifig shinsearach sa tseirbhís phoiblí i ndiaidh an 10 Nollaig 2001. Sholáthair sé freisin do dhréachtú agus d'fhoilsiú cód iompair ina dtugtar le fios caigdheáin iompair agus mhacántachta do pharlaiminteoirí agus do sheirbhísigh phoiblí.

Is é atá sa Choimisiún um Chaighdeáin anois ná comhlacht seisear pearsan le Cathaoirleach buan sa cheann air in éineacht le ceathrar oifigeach de bhrí oifige agus iarchomhalta de Theach den Oireachtas. Rinne an tUachtarán, ar mholadh Dháil agus Sheanad Éireann, an Cathaoirleach, an Breitheamh Matthew P. Smith Uasal, Breitheamh den Ard-Chúirt, a cheapadh ar an 12 Nollaig 2001, le haghaidh téarma sé bliana. I 2002, ba iad na comhaltaí de bhrí oifige den Choimisiún um Chaighdeáin ná:

- An tUasal John Purcell, Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste,
- An tUasal Caoimhín Ó Murchú, Ombudsman,
- An tUasal Kieran Coughlan, Cléireach de Dháil Éireann,
- Deirdre Lane, Cléireach de Sheanad Éireann.

Mar iarchomhalta de Dháil Éireann, ceapadh an tUasal Liam Kavanagh, MCC, don Choimisiún um Chaighdeáin ag an Rialtas i mí na Nollag 2001, i ndiaidh rún a rith dhá Theach an Oireachtais. Bhí an Coimisinéir Kavanagh ina chomhalta den Dáil ó 1969 go 1997 ar lena linn a d'fhóin sé mar Aire Saothair agus na Seirbhíse Poiblí, Aire Saothair, Aire Comhshaoil agus Aire Turasóireachta, Foraoiseachta agus Iascaigh. Bhí sé ina chomhalta de Pharlaimint na hEorpa ó 1973 go 1981 agus toghadh go díreach don Pharlaimint do Laighin é i 1979.

An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (An tAcht um Chaighdeáin)

Faoin Acht um Chaighdeáin tá roinnt forálacha nua tugtha isteach sa réimse caighdeán sa saol poiblí. Mar atá luaite cheana féin, folaíonn siad sin forálacha le haghaidh cód iompair agus le haghaidh táirgeadh fianaise ar urramú na nAchtanna Cánachais do chomhaltaí de Thithe an Oireachtais agus do sheirbhísigh phoiblí shinsearacha. Tá ról suntasach le glacadh ag an gCoimisiún um Chaighdeáin i ndáil leo sin araon. Déantar oibleagáidí comhchosúla maidir le hurramú cánach ag comhaltaí de na breithiúna a láimhsiú ag an mBord um Cheapacháin Bhreithiúnacha agus ag an Rialtas. Lena chois sin, tá roinnt forálacha d'Acht 1995 leasaithe. Áirítear iontu iad sin maidir le cumhachtaí an Choimisiúin um Chaighdeáin chun socrú a dhéanamh chun scrúdú a dhéanamh ar aon duine taobh istigh nó taobh amuigh den stát agus deonú dearbhphribhléide do chomhaltaí, comhairleoirí, oifigigh nó gníomhairí an Choimisiúin um Chaighdeáin le linn dóibh a bhfeidhmeanna oifigiúla a chomhlíonadh.

In éineacht lena fhreagrachtaí nua faoin Acht um Chaighdeáin, tá na feidhmeanna go léir a tugadh dá réamhtheachtaí, An Choimisiún um Oifigí Poiblí, faoi na hAchtanna um Eitic agus faoi na hAchtanna Toghcháin tite ar an gCoimisiún um Chaighdeáin.

Folaíonn na heilimintí nua den Acht um Chaighdeáin foráil faoinar féidir gearáin a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin i

Standards in Public Office Commission
Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

gcás go bhfuil “pearsana sonraithe” tar éis gníomhú ar bhealach nach bhfuil i gcomhréir le comhlíonadh cuí fheidhmeanna an phoist iomchuí ná i gcomhréir le cothabháil mhuinín an phobail, nuair a ghabhann tábhacht phoiblí shuntasach leis an ngnó. Folaíonn “pearsana sonraithe” sealbhóirí oifige, gnáthchomhaltaí den dá Theach, comhairleoirí speisialta, státseirbhísigh shinsearacha agus stiúrthóirí is feidhmeannaigh shinsearacha de chuid comhlachtaí stáit. Gan dochar do ghinearáltacht an téarma “tábhacht phoiblí shuntasach”, tugann an tAcht um Chaighdeáin le fios go gclúdódh sé aon tairbhe faighte ag an bpearsa shonraithe, nó ag pearsa ghaolmhar, i gcás go raibh an luach de €13,000 nó níos mó.

Lena chois sin, agus mar fhreagairt ar mholadh díreach ag an iar-Choimisiún um Oifigí Poiblí, soláthraíonn an tAcht um Chaighdeáin do nós imeachta lenar féidir an Coimisiún um Chaighdeáin Oifigigh Fhiosraithe a fhostú chun réamhfhiosruithe a dhéanamh ar ghearáin faoi na hAchtanna um Eitic. Thiocfadh réamhfhiosruithe dá leithéidí chun deiridh i dtuarascáil leis an gCoimisiún um Chaighdeáin ina bhféadfaí a áireamh, dá n-iarrfaí sin, tuairim maidir leis an gceist an raibh fianaise prima facie ann chun an gearán iomchuí a chothú.

Fianaise ar Urramú na nAchtanna Cánach

Le héifeacht ón 10 Nollaig 2001, thug an tAcht um Chaighdeáin ceanglas isteach lenar gá do chomhaltaí den Dáil agus den Seanad, do bhreithiúna agus do shealbhóirí “oifige sinsearaí” (ciallaíonn “oifig shinsearach” post sonraithe nó stiúrthóireacht i gcomhlacht poiblí arna fhorordú faoi Acht 1995, lena n-áirítear an státseirbhís, nuair nach lú an luach saothair i ndáil leis ná an luach saothair is ísle do LeasArd-Rúnaí sa státseirbhís), fianaise ar urramú na reachtaíochta cánach a leanas a chur ar fáil laistigh de thréimhse sheasta ó thráth a dtofa nó a n-ainmnithe nó a gceaptha, de réir an cháis ar leith:

(a) na hAchtanna Cánach

(b) an tAcht um Cháin Fháltas Caipitiúil, 1976, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena bhfairsingítear an tAcht sin,

(c) na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, agus

(d) an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena bhfairsingítear an tAcht sin.

Déantar fianaise ar urramú cánach i gcás comhaltaí de na Tithe agus daoine ceaptha do “oifig shinsearach” a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh de naoi mí ó thráth a dtofa nó a n-ainmnithe nó a gceaptha, de réir an cháis ar leith. I ndáil leis na breithiúna, cuirtear an fhianaise ar fáil don Bhord um Cheapacháin Bhreithiúnacha nó don Ard-Rúnaí don Rialtas, mar is cuí.

Ar na doiciméid a theastaíonn mar fhianaise ar urramú cánach áirítear an méid seo a leanas:

1) Teastas Imréitigh Cánach, arna eisiúint ag Ard-Bhailitheoir na gCoimisinéirí Ioncaim (an tArd-Bhailitheoir), tráth nach mó ná 9 mí roimh, agus nach mó ná 9 mí i ndiaidh, an dáta tofa nó ainmnithe nó ceaptha, mar is cuí, nó

1A) Ráiteas Iarratais, arna eisiúint ag an Ard-Bhailitheoir, ar iarratas, tráth nach mó ná 9 mí roimh, agus nach mó ná 9 mí i ndiaidh, an dáta tofa nó ainmnithe nó ceaptha, mar is cuí, in imthosca nach bhfuil cinneadh déanta ag an Ard-Bhailitheoir Teastas Imréitigh Cánach a eisiúint nó a dhiúltú, nó i gcás go bhfuil Teastas Imréitigh Cánach diúltaithe agus go bhfuil an diúltú sin ina ábhar achomhairc nach bhfuil cinnte fós, agus

2) Dearbhú Reachtúil, ar ionstraim é forordaithe ag an Acht i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938, arna leasú ag Acht um Chaighdeáin sa mhéid go bhfuil an pionós ar dhearbhuithe bréige méadaithe go fíneáil uasta de €2,500 agus/nó príosúnacht suas go 6 mhí, ag fianú d'urramú na bhforálacha teastais imréitigh cánach den Acht um Chaighdeáin. Ní mór an Dearbhú Reachtúil a dhéanamh tráth nach mó ná mí amháin roimh, agus nach mór ná mí amháin i ndiaidh, an dáta tofa nó ainmnithe nó ceaptha, mar is cuí.

Mura gcuirtear ar fáil aon chuid den doiciméadú urramaithe cánach laistigh den teorainn ama naoi mí, nó mura ndéantar an Dearbhú Reachtúil laistigh den fhráma ama dhá mhí, sáraítear an tAcht um Chaighdeáin, rud a n-éiríonn imscrúdú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin as. I ndiaidh imscrúdaithe, dréachtann an Coimisiún um Chaighdeáin tuairisc i scríbhinn a chuirtear ar fáil don Choiste iomchuí um Leasanna Comhaltaí, i gcás comhalta de Theach den Oireachtas, agus do cheann an chomhlachta iomchuí, i gcás duine cheaptha do "oifig shinsearach".

Cóid Iompair

Soláthraíonn an tAcht um Chaighdeáin do thabhairt isteach cód iompair atá, trí chaighdeáin iompair agus macántacht do na pearsana lena mbaineann siad a chur in iúl, beartaithe le gníomhú mar threorú i gcomhlíonadh a sainraon feidhmeanna oifigiúla. Leagtar síos cóid ar leith a chlúdaíonn comhaltaí de dhá Theach an Oireachtais, sealbhóirí oifige (e.g. Airí agus Airí Stáit) agus stiúrthóireachtaí agus poist i gcomhlachtaí poiblí. I ngach cás, ceanglaítear faoin Acht um Chaighdeáin go rachfar i gcomhairle leis an gCoimisiún um Chaighdeáin ag an gcéim foirmithe agus go bhfoilseoidh sé gach cód iompair. Tá na cóid ina gcuid riachtanach den fhrámaíocht rialála agus tá siad inghlactha in imeachtaí roimh chúirt, roimh Choiste den Dáil nó den Seanad nó roimh an gCoimisiún um Chaighdeáin.

Cóid Iompair do Chomhaltaí de dhá Theach an Oireachtais

Rinneadh cóid iompair do na comhaltaí de dhá Theach an Oireachtais a fhoilsiú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin le linn 2002, tar éis gur dréachtaíodh iad ag na Coistí um Leasanna Comhaltaí de chuid gach Tí, i ndiaidh comhairliúcháin leis an gCoimisiún um Chaighdeáin, agus tar éis gur glacadh leo bealach rúin de chuid gach Tí. I ngach cás, bhreithnigh an Coimisiún um Chaighdeáin na dréacht-chóid go mion agus mhol sé roinnt leasuithe do na Coistí. Níor fhreagair ceachtar Coiste ar aon bhealach do na moltaí a rinneadh agus ní dhearnadh aon cheann de na leasuithe a ionchorprú sna cóid a cuireadh faoi bhráid na dTithe chun glacadh leo. Tá sé i gceist ag an gCoimisiún um Chaighdeáin úsáid a bhaint as an innealra comhairliúcháin, atá ann i ndáil le hoibriú na nAchtanna um Eitic agus na nAchtanna Toghcháin, chun aghaidh a thabhairt ar an ngnó seo tuilleadh leis na Coistí in am agus i dtráth.

Cód Iompair do Shealbhóirí Oifige

Faoin Acht um Chaighdeáin foráiltear go dtabharfaidh an Rialtas dréacht d'aon chód beartaithe don Choimisiún um Chaighdeáin agus, sula ndréachtaítear an cód, go mbreithneoidh sé aon aighneachtaí a dhéantar leis ag an gCoimisiún um Chaighdeáin i ndáil leis an dréacht sin. De réir an nóis imeachta sin, scrúdaigh an Coimisiún um Chaighdeáin réamhdhréacht den chód iompair beartaithe i lár 2002 agus sholáthair sé roinnt tuairimí a forbraíodh ina dhiaidh sin idir an dá pháirtí. I

dtreo dheireadh 2002, cuireadh an dréacht deiridh den chód, mar a ceadaíodh ag an Rialtas, ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin le breithniú. Táthar ag súil, i ndiaidh breithnithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin, go bhfoilseofar an cód deiridh i 2003. Tá comhaontú leathan sroichte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin leis an Rialtas maidir le doiciméad ilchodach a chur ar fáil do shealbhóirí oifige a fholóidh Treoirlínte maidir le hUrramú Fhorálacha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, de chuid an Choimisiúin um Chaighdeáin (foilsithe i mí na Nollag 2002), an cód iompair do shealbhóirí oifige agus Treoirlínte do Shealbhóirí Oifige de chuid an Rialtais, a dhéileálann le soláthairtí maoine agus seirbhísí (foilsithe i mí Lúnasa 1996, de bhun alt 15(4) d'Acht 1995).

Cóid Iompair do Stiúrthóireachtaí agus do Phoist i gComhlachtaí Poiblí

Faoin Acht um Chaighdeáin foráiltear go ndréachtóidh an tAire Airgeadais cóid iompair do shealbhóirí stiúrthóireachtaí agus do shealbhóirí post i gcomhlachtaí poiblí, i ndiaidh comhairliúcháin leis an gCoimisiún um Chaighdeáin agus le hionadaithe ón bhfoireann. Déanfar na cóid a fhoilsiú ansin ag an gCoimisiún um Chaighdeáin. Is grúpáil ilchineálach é seo atá sa raon ó státseirbhísigh i ranna agus oifigí Rialtais go stiúrthóirí agus feidhmeannaigh san iliomad mór comhlachtaí sa tseirbhís phoiblí is leithne. Tá an Roinn Airgeadais dulta i gcomhairle ar leibhéal ginearálta leis an gCoimisiún um Chaighdeáin le linn 2002 agus cuirfear an próiseas comhairliúcháin sin chun cinn le linn 2003. Mar gheall ar ilchineálacht na grúpála atá le clúdach ag cóid iompair d'fhéadfadh sé go dtiocfadh iomadúlacht cód chun solais.

Bheadh an Coimisiún um Chaighdeáin, i gcomhar leis an Roinn Airgeadais agus leis na comhlachtaí poiblí iomchuí, toilteanach breithniú a dhéanamh ar bhealaí ina bhféadfadh sé a ról i bhfógairt cód iompair a fhairsingiú chun go n-áireofaí ann, mar shampla, cur le hoiliúint seirbhíseach poiblí i gcinnteoireacht eiticiúil. Mar chéad chéim maidir leis sin d'fhéadfaí inniúlacht a ionchorprú, sa Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta, a bhaineann le samhail do chinnteoireacht eiticiúil a úsáid.

Treoirlínte agus Comhairle

Le tosach feidhme an Achta um Chaighdeáin, a thug isteach leasuithe ar alt 26 agus alt 38 d'Acht 1995, ciallaíodh nach raibh na treoirlínte do shealbhóirí oifige agus do sheirbhísigh phoiblí a foilsíodh ag an iar-Choimisiún um Oifigí Poiblí faoi alt 25 d'Acht 1995 léiritheach a thuilleadh ar an raon iomlán forálacha leasaithe agus nua. Dhréachtaigh an Coimisiún um Chaighdeáin leagan nua de na *Treoirlínte do Shealbhóirí Oifige (Tríú hEagrán)* a scaipeadh ar Airí agus Airí Stáit an 29ú Dáil agus ar Chathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach Dháil agus Sheanad Éireann. Rinneadh leagan nua de na *Treoirlínte do Sheirbhísigh Phoiblí (Dara hEagrán)* a dhréachtú freisin agus scaipeadh iad ar ranna agus oifigí Rialtais agus ar Rúnaithe Cuideachta na gcomhlachtaí poiblí leagtha síos ag Ionstraim Reachtúil Uimh. 32 de 1997. Cuireadh na treoirlínte, i bhfoirm in-íoslódáilte, ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin (www.sipo.ie).

Lena chois sin, tá an Coimisiún um Chaighdeáin tar éis comhaontú leis an Roinn Airgeadais, mar an gcomhlacht a bhfuil an dualgas air na foirmeacha a fhorordú atá le húsáid chun leasanna a nochtadh ag sealbhóirí oifige, comhairleoirí speisialta agus seirbhísigh phoiblí, go ndéanfaidh sé, le héifeacht ó bhliain tuairiscithe 2003, na foirmeacha a chur ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne (www.finance.gov.ie).

Lean an Coimisiún um Chaighdeáin dá fheidhm comhairle reachtúla faoi alt 25 d'Acht 1995 a chur ar fáil. Tugadh comhairle do shealbhóirí oifige agus do sheirbhísigh phoiblí ar raon leathan ábhar a bhaineann lena n-oibleagáidí faoin reachtaíocht a tháinig chun solais le linn 2002.

Coinbhleacht Leasa

Ar deireadh, tá na hAchtanna um Eitic i bhfeidhm d'fhonn cur le cosaint an leasa phoiblí. Ní coincheap furasta le sainmhíniú é an leas poiblí. Tá a mhéid is gá an leas poiblí a mheas thar theorainneacha náisiúnta ag dul i méid. Sin toisc go bhféadfaidh cinneadh i ndlínse amháin tionchar a imirt thar an dlínse sin féin agus féadfaidh sé fairsingiú go leibhéal domhanda fiú. Mar shampla, is ábhar leasa phoiblí é go ndéantar dlíthe a achtú agus a chur chun feidhme agus go bhfuil bonneagar i bhfeidhm chun cánacha a bhailiú agus chun na cánacha sin a dháileadh i bhfoirm seirbhísí sláinte agus oideachais, mar shampla. Ar an dul céanna, agus baineann sé seo leis na hAchtanna um Eitic, is ábhar leasa phoiblí é nach ceart go lorgódh comhaltaí de Thithe an Oireachtais, lena n-áirítear sealbhóirí oifige, agus seirbhísigh phoiblí buntáiste pearsanta óna róil phoiblí. Soláthraíonn na hAchtanna um Eitic sásra lenar féidir leis na pearsana iomchuí a ndílseacht don phrionsabal sin a thaispeáint trí aon leasanna a nochtadh a d'fhéadfadh coinbhleacht a chothú. Ar an dul céanna, ní mór na leasanna sin a chothaíonn coinbhleacht leasanna dáiríre a réiteach. Maidir leis sin, ní mór a bheith ag súil go ndéanfaí aon choinbhleacht leasa a réiteach ar mhaithe leis an leas poiblí.

Déanann na hAchtanna um Eitic, agus tuairisc á tabhairt ar imthosca ina bhfuil gá le leasanna a nochtadh, tagairt d'aon leas a d'fhéadfadh tionchar dáiríre a imirt ar an duine i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna oifige, nó i ndáil leis sin. Tagraítear do leas a d'fhéadfadh tionchar dáiríre a imirt ar dhuine mar choinbhleacht leasa freisin, sraith imthosca ina bhfuil leas príobháideach nó pearsanta ag duine, mar shampla seirbhíseach poiblí, agus go bhféadfadh an leas sin tionchar a imirt, nó a bhféadfaí le réasún a mheas go bhféadfadh sé tionchar a imirt, ar an seirbhíseach poiblí sin i gcomhlíonadh a d(h)ualgas oifigiúil. Dála an scéil sin, soláthraíonn na hAchtanna um Eitic do leasanna díreacha agus indíreacha araon. I bhfocail eile féadfaidh leas a bheith díreach, is é sin gurb é do leas féin é, nó a bheith indíreach, is é sin gurb é leas duine ghaolta nó comhpháirtí gnó é. D'fhéadfadh leas a bheith i bhfoirm airgeadais nó d'fhéadfadh sé a bheith ina shochar d'aon chineál eile mar a shainmhínítear ag Acht 1995, .i.

folaíonn "sochar" -

(a) ceart, pribhléid, oifig nó dínit chun airgead nó luach airgid nó ní luachmhar a éileamh agus aon staonadh uaidh sin,

(b) aon chúnamh, vóta, toil nó tionchar nó aon chúnamh, vóta, toil nó tionchar curtha i gcéill,

(c) aon ghealltanas nó soláthar nó comhaontú nó iarracht chun soláthar, nó seasamh le haon ionchas, i leith aon síntiúis, iasachta, táille, luaíochta nó ní eile réamhráite,

nó buntáiste eile agus an tseachaint caillteanais, dliteanais, pionóis, forghéillte nó míbhuntáiste eile;"

Tagann an coinbhleacht leasa chun solais nuair a chuirtear comhlíonadh an róil oifigiúil i mbaol ar aon slí, cuma cé chomh beag, ag breithniú seachtrach ar leas príobháideach, bíodh sé díreach nó indíreach.

Sealbhaíonn gach duine atá cumhdaithe ag na hAchtanna um Eitic poist mhuiníne sa tseirbhís phoiblí, bídís ina ngnáthchomhaltaí de Thithe an Oireachtais, ina sealbhóirí oifige nó ina seirbhísigh phoiblí. Nuair a shealbhaítear post muiníne ciallaíonn sé go bhfuil an pobal i dteideal a bheith ag súil le hoibiachtúlacht agus cothrom na Féinne i ngach ní. Is brathadóireacht ar mhuinín an phobail é coinbhleacht leasa, nó dealramh dá leithéid, agus mar sin is ábhar imní dlisteanaí don phobal é. Déanann sé damáiste don tseirbhís phoiblí mar go laghdaíonn sé an mhuinín atá ag daoine sa tseirbhís sin tríd is tríd. Soláthraíonn na hAchtanna um Eitic sásra lenar féidir ábhair choinbhleachta leasa a nochtadh bealach ráiteas bliantúil leasanna cé gur féidir déileáil le coinbhleacht leasa iarbhír bealach ráiteas leasa ábhartha. I gcás seirbhíseach poiblí, folaíonn sé sin oibleagáid gan dul ar aghaidh leis an bhfeidhm ina bhfuil an leas ábhartha tagtha chun solais.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin le haghaidh comhairle maidir le feidhmiú na nAchtanna um Eitic in aon imthosca ar leith, lena n-áirítear nuair atá féidearthacht coinbhleachta leasa ann. Mar ráiteas ginearálta, mholfadh sé go dtabharfaí aire sa réimse sin, gur ceart an dearcadh is leithne is féidir a ghlacadh agus, nuair atá amhras ann, gur fearr leas a nochtadh ná gan é a nochtadh nuair a d'fhéadfadh sé, sa chás deiridh díobh sin, go n-eascródh uaidh cinneadh iardain ag an gCoimisiún um Chaighdeáin gur ceart go mbeadh an leas nochta.

Tuarascáil Bhliantúil 2002

2

Caibidil 2

Na hAchtanna Toghcháin, 1997 go 2002 (Na hAchtanna Toghcháin)

Faoi na hAchtanna Toghcháin, tá an Coimisiún um Chaighdeáin freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na heilimintí sin den reachtaíocht a bhaineann le teorainneacha agus nochtadh síntiús polaitíochta, teorainneacha ar chaiteachas ag toghcháin na Dála, Parlaimint na hEorpa agus uachtaránachta, aisíocaíocht chaiteachais toghcháin iarrthóirí áirithe agus maoiniú Státchiste do pháirtithe polaitíochta. Le heisceacht ráiteas ó institiúidí airgeadais agus deimhnithe síntiús airgeadais, atá eisiata ó thaispeáint phoiblí ag an reachtaíocht, is féidir leis an bpobal gach ceann de na ráitis a chuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin a bhaineann le síntiúis, caiteachas toghcháin agus maoiniú Státchiste a iniúchadh agus a chóipeáil ag oifig an Choimisiúin um Chaighdeáin. Is féidir iad a amharc, i bhfoirm achomair, ar a láithreán gréasáin (www.sipo.ie). Sa mhéid nach mór rochtain ar an ábhar sin a chur ar fáil don phobal measann an Coimisiún um Chaighdeáin gur eilimint olltábhachtach den reachtaíocht é sin.

Sa chuid seo den tuarascáil tugann an Coimisiún um Chaighdeáin achoimre ar a ghníomhartha le linn 2002 i ndáil leis na holltoghcháin do Dháil Éireann agus do Sheanad Éireann. Tugtar achoimre ar shíntiúis a nocht iarrthóirí nár éirigh leo ag na toghcháin thuas. Cuirtear síos ar ghníomhartha de chuid tríú páirtithe agus de chuid aonad cuntasaíochta. Tugtar sonraí faoi shíntiúis a nocht Teachtaí Dála, Seanadóirí, comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa agus páirtithe polaitíochta i 2002. Ina theannta sin, tugtar miondealú ar mhaoiniú Státchiste don bhliain 2002 a fuair páirtithe polaitíochta agus tugtar cuntas ar conas a úsáideadh an maoiniú a fuair páirtithe do 2001.

Olltoghchán do Dháil Éireann

Bhain mórchuid d'obair an Choimisiúin um Chaighdeáin le linn 2002 leis an olltoghchán don 29ú Dáil. Bhí an vótáil ann ar an 17 Bealtaine 2002. Bhí sraith cuairteanna réigiúnacha, a eagraíodh i gcomhar leis na páirtithe polaitíochta, déanta cheana féin i 2000 agus i 2001 chun faisnéis a thabhairt d'iarrthóirí, do ghníomhairí toghcháin agus do pháirtithe polaitíochta ar fhorálacha na reachtaíochta. Leanadh de na cuairteanna le linn thréimhse luath 2002. Ba fhócas tábhachtach de na cuairteanna é aird a dhíriú ar an gcaoi, den chéad uair riamh ag olltoghchán Dála, gur cuireadh teorainneacha i bhfeidhm lena sriantar an méid costas a d'fhéadfaí a thabhú thar ceann iarrthóirí agus páirtithe polaitíochta ag cur isteach ar an toghchán. Cuireadh teorainn i bhfeidhm freisin i dtéarmaí luach na síntiús ar féidir le hiarrthóirí glacadh leo ón síntiúsóir céanna. Ina theannta sin, coisceadh aon ghlacadh le síntiúis ón gcoigríoch agus síntiúis anaithnide.

Tá an Coimisiún um Chaighdeáin sásta go raibh a pháirtíocht sa chlár seo fíorthairbheach agus gur chuir sí ar bhealach suntasach leis an leibhéal tuisceana ar an iliomad oibleagáidí reachtúla a bhí le comhlíonadh ag na rannpháirtithe éagsúla ag an toghchán. Bhí feidhm aige sin, ach go háirithe, leis na gníomhairí toghcháin ceaptha ag iarrthóirí a raibh ceangal orthu a chinntiú go raibh costais tabhaithe thar ceann iarrthóirí laistigh de na teorainneacha reachtúla agus gur coinníodh taifid agus cuntais chuí. Ba léir don Choimisiún um Chaighdeáin go bhféadfadh sé nach raibh líon mór gníomhairí toghcháin ar an eolas go hiomlán roimh ré faoi chineál na ndualgas ar thoiligh siad glacadh leo, lena n-áirítear go raibh freagracht dhlíthiúil as sárú na dteorainneacha caiteachais orthu féin.

I ndáil leis na teorainneacha ar chaiteachas dá dtagraítear thuas, is ceart a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm ag na teorainneacha le haon chaiteachas tabhaithe ar mhaoin, ar earraí nó ar sheirbhísí a úsáidtear le linn na tréimhse toghcháin chun iarrthóir nó páirtí polaitíochta a

chur chun cinn. Ritheann an tréimhse toghcháin ó dháta an lánscoir don Dáil suas go, agus lena n-áirítear, lá na vótála. Bhí trácht éigin ag tráth an toghcháin, agus ina dhiaidh sin, go raibh na forálacha i gceist á sárú ag iarrthóirí agus ag páirtithe polaitíochta a chaith méideanna móra airgid ar ábhar toghcháin roimh an lánscor don Dáil, agus ar an gcaoi sin gur sheachain siad na teorainneacha i ndáil leis an gcaiteachas sin. Luadh samplaí mar fhógraíocht ar chláir fhógraíochta, póstaeir, srl., a bhí le feiceáil go soiléir roimh an lánscor. Is é an chaoi mar atá go fíorasach ná nach mór a chur san áireamh aon chaiteachas a tabhaíodh i ndáil le haon ábhar a úsáideadh le linn na tréimhse toghcháin, cuma cén uair a rinneadh an caiteachas a thabhú dáiríre. An t-aon bhealach chun a sheachaint go gcuirfí san áireamh costas na n-ítimí mar na cláir fhógraíochta, na póstaeir, srl., luaite thuas ná iad a bhaint anuas roimh an lánscor agus gan iad a úsáid arís le linn na tréimhse toghcháin, rud nach dtarlódh dáiríre. Ar chaoi eile, ní mór an costas a chur i gcuntas agus tá sé clúdaithe ag na teorainneacha caiteachais. Is eilimint thábhachtach den reachtaíocht é sin sa mhéid nach féidir cófra cogaidh a chothú roimh an toghchán leis an rún méid mór airgid a chaitheamh, os cionn na dteorainneacha, roimh an lánscor ar ábhar atá beartaithe le húsáid le linn na tréimhse toghcháin.

Is féidir fós, gan dabht, dul i mbun gníomhaíochta roimh lánscor do Dháil atá, go bunúsach, ag toghchánaíocht agus i gcás nach mbeadh na costais clúdaithe ag na teorainneacha caiteachais. D'áireofaí ansin, mar shampla, iarrthóirí ionchasacha ag dáileadh bileog, nuachtlitreacha nó a leithéid roimh an lánscor ina spreagtar vótálaithe chun tacú leo nuair a ghairtear an toghchán féin. Páirtíonn an Coimisiún um Chaighdeáin an tuairim sin, nochta ag an iar-Choimsiún um Oifigí Poiblí roimhe, gur ceart breithniú éigin a dhéanamh ar an gceist an gá, ar feadh tréimhse ar leith roimh thoghchán, le gníomhaíocht dá leithéid a rialú i dtéarmaí na dteorainneacha caiteachais ag toghcháin, mar atá an cás i dtíortha eile. Maidir leis sin, aithníonn an Coimisiún um Chaighdeáin go hiomlán an deacracht a ghabhann le hidirdhealú a dhéanamh idir caiteachas toghcháin agus costais tabhaithe i ndáil leis an méid a d'fhéadfaí a thuairisciú mar ghnáthghníomhaíocht ionadaíochta a bhíonn leanúnach sa tréimhse sula ngairtear toghchán.

Saincheist ghaolmhar a ardaíodh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin sular gaireadh an toghchán ná go raibh comhaltaí den Rialtas agus Airí Stáit i mbun rudaí ar measadh gur feachtais ardphróifíle iad nasctha le gnóthaí a thagann faoi shainchúram a Rann éagsúil. Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin gearáin faoi sin ó chomhaltaí de na Tithe a bhí buartha faoin rud ar chuir siad síos air mar chaiteachas córasach méideanna móra airgid phoiblí ag an Rialtas chun próifílí polaitíochta Airí agus Airí Stáit a threisiú roimh an olltoghchán agus úsáid fhorleathan agus bhuan á baint as fógraíocht phearsantaithe ag Airí agus Airí Stáit, ar fad maoinithe ón Státchiste. Mar atá luaite, bhain na gearáin leis an tréimhse roimh an lánscor don Dáil agus níor thagair siad do ghníomhaíochtaí le linn na tréimhse toghcháin iarbhír. Sna himthosca sin, ní raibh an Coimisiún um Chaighdeáin in ann a chinneadh go raibh aon chaiteachas bainteach faoi réir ag na teorainneacha dá soláthraítear sa reachtaíocht nó go raibh aon sárú ar an reachtaíocht ann. Cuireadh ar shúile na ngearánaithe, áfach, go ndéanfadh an Coimisiún um Chaighdeáin an gnó a ardú arís i gcomhthéacs an chóid iompair do shealbhóirí oifige dá dtagraítear níos túisce sa tuarascáil seo. Tá an Coimisiún um Chaighdeáin den tuairim go bhféachfadh cód iompair do spiorad chomh maith le fuarlitir na reachtaíochta sa réimse seo agus go dtabharfaí aird ar bhunphrionsabail an rialaithe eiticiúil, lena n-áirítear an prionsabal ginearálta nach ceart oifig phoiblí nó post poiblí a úsáid chun tairbhe pearsanta.

Treoirlínte

Ar an 5 Márta 2002, mar a cheanglaítear faoin reachtaíocht, d'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin *Treoirlínte don Olltoghchán don 29ú Dáil 2002*. Sna treoirlínte sin leagtar amach, go mion, na hoibleagáidí dlíthiúla atá ag gabháil le rannpháirtithe ag na toghcháin maidir le síntiúis agus caiteachas toghcháin. Seoladh iad chuig na páirtithe polaitíochta cláraithe agus chuig iarrthóirí agus gníomhairí toghcháin a raibh a n-ainmneacha, ag an gcéim sin, curtha in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin, ag na páirtithe polaitíochta móra den chuid is mó. Seoladh iad freisin chuig aon iarrthóirí neamhspleácha arbh eol go raibh siad ag rith mar iarrthóirí ag an toghchán. Ina theannta sin, rinneadh bileoga ina raibh ceisteanna coitianta agus freagraí a fhoilsiú agus a scaipeadh.

Tháinig saincheist chun solais i ndáil leis an méid sin thuas sa mhéid nach bhfuair formhór na n-iarrthóirí neamhspleácha, agus roinnt iarrthóirí ó na páirtithe polaitíochta is lú, nach raibh ar eolas ag an gCoimisiún um Chaighdeáin, na treoirlínte, nó nach raibh aon teagmháil eile acu leis an gCoimisiún um Chaighdeáin, go dtí níos lú ná dhá sheachtain roimh lá na vótála. Faoin reachtaíocht ceanglaítear nach mór don Cheann Comhairimh do dháilcheantar, i ndiaidh an dáta deiridh chun iarrthóireacht ag an toghchán a shiartharraingt (4 Bealtaine 2002), an Coimisiún um Chaighdeáin a chur ar an eolas faoi ainm agus faoi sheoladh gach iarrthóra agus gníomhaire toghcháin sa dáilcheantar sin. Ní nach ionadh, sa chuid is mó cásanna, roinnt laethanta i ndiaidh an 4 Bealtaine a bhí ann sula raibh na Cinn Chomhairimh in ann na sonraí iomchuí a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin. Mar a thuairiscítear sa pharagraf roimhe seo, níor chothaigh sé sin fadhb i gcásanna ina raibh an fhaisnéis soláthairte ag na páirtithe polaitíochta cheana féin nó ina raibh an Coimisiún um Chaighdeáin ar an eolas ar bhealach eile gurbh ann d'iarrthóirí agus do ghníomhairí toghcháin. Bhí sé thar a bheith míshásúil don Choimisiún um Chaighdeáin, áfach, nach raibh sé in ann, go dtí roinnt laethanta roimh an vótaíocht, teagmháil a dhéanamh le líon mór pearsan a bhí páirteach i bhfeachtas an olltoghcháin agus a raibh beagán eolais, nó nach raibh aon eolas, acu faoina n-oibleagáidí reachtúla i ndáil le gnóthaí mar rialuithe ar chaiteachas agus cosc/teorainneacha ar shíntiúis a ghlacadh. Níl an Coimisiún um Chaighdeáin in ann réiteach reachtaíochta a thabhairt ar an bhfadhb sin a thiocfaidh chun solais arís amach anseo, mura ndéileáiltear léi. Tá an gnó seo tugtha ar aird an Aire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil anois.

Ar an 25 Márta 2002, go gairid i ndiaidh fhoilsiú na dtreoirlínte, ritheadh an tAcht Toghcháin (Leasú), 2002. D'fholaigh sé sin leasú ar an sainmhíniú roimhe a tugadh ar shíntiús. Mar go raibh impleachtaí aige d'iarrthóirí agus do ghníomhairí toghcháin, chinn an Coimisiún um Chaighdeáin aguisín leis na treoirlínte a scaipeadh ina dtugtar tuairisc ar chineál agus éifeacht an athraithe.

Comhairle

Lorg cuid mhaith iarrthóirí agus gníomhairí comhairle ar oibriú na reachtaíochta ón gCoimisiún um Chaighdeáin sna seachtainí beaga roimh lá na vótála. Tugadh an chomhairle ó bhéal nó i scríbhinn. Nuair a ardaíodh gnó leis an gCoimisiún um Chaighdeáin bealach iarrata ar chomhairle, agus go raibh feidhm ghinearálta leis an ngnó, scaipeadh an chomhairle ar iarrthóirí agus ar ghníomhairí eile.

Cás "Des Kelly"

Rith an tOireachtas an tAcht Toghcháin (Leasú), 2001 (Acht 2001), i nDeireadh Fómhair 2001.

Tá trácht ar phríomhfhorálacha Acht 2001, lena n-áirítear iad sin a dhéileálann le saoráidí Oireachtais, le fáil i dTuarascáil Bhliantúil 2001 de chuid an iar-Choimisiúin um Oifigí Poiblí. I measc nithe eile, mhéadaigh Acht 2001 teorainneacha caiteachais iarrthóirí ag toghcháin na Dála. Níos conspóidí fós, áfach, d'fhoráil sé go bhféadfadh iarrthóirí, i bhfeachtas toghcháin, úsáid a bhaint as saoráidí íoctha as cistí poiblí, gan ghá le cuntas a thabhairt ar chostas na húsáide sin mar chuid dá gcaiteachas toghcháin.

Le linn na gcuairteanna réigiúnacha dá dtagraítear níos túisce sa tuarascáil seo, thrácht iarrthóirí agus gníomhairí toghcháin go rialta ar éagothroime cáis ina bhféadfaí ionchais toghcháin iarrthóirí a fheabhsú de bhun na bhforálacha i gceist de chuid Acht 2001. Bhí na ráitis sin léiritheach de thuairimí a nochtadh i dTuarascáil Bhliantúil 2001 de chuid an iar-Choimisiúin um Oifigí Poiblí inar luadh gurb é ceann de na cuspóirí leis an Acht Toghcháin, 1997, ná chun cothrom na Féinne a thabhairt do gach iarrthóir agus páirtí ag toghchán sa mhéid go mbeadh gach iarrthóir i dteideal an leibhéal céanna caiteachais, lena n-áirítear sochair chomhchineáil, a thabhú agus iad ag cur isteach ar thoghchán. Dúradh sa tuarascáil sin freisin gur léir gurb é iarmhairt an leasaithe, maidir le húsáid a bhaint as saoráidí a íocadh le cistí poiblí, ná buntáiste suntasach a thabhairt d'iarrthóirí a bhí ina gcomhaltaí de na Tithe thar iarrthóirí eile nach raibh rochtain acu ar shaoráidí dá leithéidí.

Ar an 8 Aibreán 2002, thug an Ard-Chúirt cead don Uasal Des Kelly, iarrthóir de chuid Fhianna Fáil i ndáilcheantar Iarthar Láir Bhaile Átha Cliath, cur isteach, bealach Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh, ar fhaoisimh áirithe, lena n-áirítear dearbhú go raibh forálacha na reachtaíochta, a d'fhoráil nár chostas toghcháin é an costas a ghabhfadh le húsáid a bhaint as saoráidí a bhí le híoc as cistí poiblí, aimhréireach leis an mBunreacht. D'éiligh sé, mar neamhshealbhóir oifige den Dáil nó den Seanad, go raibh sé faoi mhíbhuntáiste mór sa mhéid go raibh comhaltaí de na Tithe sin i dteideal úsáid a bhaint as saoráidí na dTithe chun críocha toghcháin, gan ghá le cuntas a thabhairt ar chostas a leithéide mar chuid dá dteorainneacha caiteachais. D'éirigh leis an Uasal Kelly ina chaingean. Tugadh breithiúnas na hArd-Chúirte ar an 16 Bealtaine 2002, oíche olltoghchán na Dála.

Bhreithnigh an Coimisiún um Chaighdeáin impleachtaí an bhreithiúnais. Chomhaontaigh sé, le tacaíocht comhairle dlíthiúla, go raibh forálacha na reachtaíochta a cinneadh mar aimhréireach leis an mBunreacht amhlaidh ó dháta a n-achtaithe agus, dá bhrí sin, nach mór cuimhneamh nach raibh siad riamh ann. Eisíodh meamram míniúcháin chuig gníomhairí toghcháin inar tugadh achoimre ar an scéal agus inar tugadh le fios go mbeadh gá le sonraí a fholú, ina Ráitis Chostas Toghcháin, faoi aon chostais toghcháin a íocadh as cistí poiblí. Bhí na Ráitis Chostas Toghcháin le cur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 12 Iúil 2002, .i. 56 lá i ndiaidh lá na vótála.

Rinneadh breithiúnas na hArd-Chúirte dá dtagraítear thuas a achomharc leis an gCúirt Uachtarach. Ba iad an tAire Comhshaoil, Éire agus an tArd-Aighne na hachomharcóirí. Ar an 3 Iúil 2002 ritheadh an tAcht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 2002 (Acht 2002 (Uimh. 2)). Shín sé sin go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2002, nó 21 lá i ndiaidh dháta bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí, cibé acu ba dhéanaí, an dáta faoina raibh na Ráitis Chostas Toghcháin le cur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin.

Ar an 29 Samhain 2002 sheas an Chúirt Uachtarach le breithiúnas na hArd-Chúirte. Dá bhrí sin, ag féachaint d'fhorálacha Acht 2002 (Uimh. 2), bhí go dtí an 20 Nollaig 2002 ag gníomhairí toghcháin agus ag gníomhairí náisiúnta de chuid páirtithe polaitíochta chun na

Ráitis Chostas Toghcháin a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin.

Chinn an Coimisiún um Chaighdeáin nár chuí comhad a atreorú chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i gcás, ach go háirithe mar thoradh ar bhreithiúnais, go gcinntear go raibh róchaiteachas ann ag an olltoghchán. Le linn dó teacht ar a chinneadh, d'fhéach an Coimisiún um Chaighdeáin don fhíoras gur tugadh breithiúnas bunaidh na hArd-Chúirte ar an 16 Bealtaine 2002, an lá deireanach feachtasaíochta ag an toghchán. Roimh an dáta sin, bhí gníomhairí agus iarrthóirí i dteideal a thoimhdiú go raibh na rialacha ar chaiteachas mar a leagadh amach sa reachtaíocht iomchuí agus mar a léiríodh sna treoirlínte a d'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin. Choinnigh an Coimisiún um Chaighdeáin cuimhne ar an gcaoi gur chosaint ar ionchúiseamh i leith róchaiteachais é nach raibh duine ar an eolas, agus nach bhféadfadh sé nó sí le réasún a bheith ar an eolas, go raibh caiteachais tabhaithe aige nó aici os cionn na teorann reachtúla.

Chinn an Coimisiún um Chaighdeáin freisin má bhí róchaiteachas ann, ach go háirithe mar thoradh ar na breithiúnais, nach mbeadh sé ag moladh don Aire Airgeadais go ndéanfaí méid an róchaiteachais a asbhaint den aisíocaíocht caiteachas toghcháin iníoctha leis an iarrthóir nó de mhaoiniú Státchiste iníoctha leis an bpáirtí polaitíochta. Bhí déanamh molta dá leithéid oscailte don Choimisiún um Chaighdeáin faoin reachtaíocht. Thug an Coimisiún um Chaighdeáin dá aire freisin nach raibh aon fheidhm aige i ndáil le hachainí a dhéanamh leis an Ard-Chúirt in aon chás inar braitheadh go raibh róchaiteachas tar éis tionchar ábhartha a imirt ar thoradh an toghcháin.

Eisíodh litir chomhairleach chuig gach gníomhaire toghcháin agus gníomhaire náisiúnta inar leagadh amach bonn chun luach na gcaiteachas toghcháin a íocadh as cistí poiblí a ríomh.

Ag tráth scríofa na tuarascála seo, tá na Ráitis Chaiteachas Toghcháin atá faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin á bpróiseáil mar ullmhú dá gcur faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais. Ag féachaint don mhór-iarracht atá déanta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin chun cabhrú le gníomhairí an doiciméadú riachtanach a chomhlánú, is ábhar trom-imní é go bhfuil cuid de na tuairisceáin easanamhach maidir leis an rud a rabhthas le réasún ag súil leis. Is deacair an chonclúid a sheachaint go bhfuil sé sin i gcuid mhaith cásanna i ngeall ar easpa cúraim ar thaobh na ngníomhairí in éineacht, b'fhéidir, le heilimint de neamhaird á tabhairt ar cheanglais na reachtaíochta nó ar shainordú an Choimisiúin um Chaighdeáin, nó orthu araon. Is é an toradh ná go bhfuil athoibriú an ábhair riachtanach, rud a chothaíonn moill fhada maidir lena chur os comhair an phobail. Tá an Coimisiún um Chaighdeáin tiomanta i leith deimhin a dhéanamh de go dtiocfaidh cuntas iomlán ar chaiteachas toghcháin chun solais ag deireadh an phróisis

Síntiúis arna nochtadh ag iarrthóirí nár éirigh leo ag Olltoghchán na Dála

Bhí Ráitis Síntiúis agus Dearbhuithe Reachtúla ó iarrthóirí nár éirigh leo ag olltoghchán na Dála le cur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 12 Lúil 2002, .i. 56 lá i ndiaidh lá na vótála. Níor mhór d'iarrthóirí nár éirigh leo sonraí a nochtadh faoi shíntiúis os cionn luach €634.87 a fuarthas i ndáil leis an toghchán.

Is 463 a bhí sa líon iarrthóirí a rith d'olltoghchán na Dála. Gan an Ceann Comhairle a chur san áireamh, toghadh 165 iarrthóir, rud a d'fhág 298 n-iarrthóir san iomlán nár éirigh leo agus nár mhór Ráitis Síntiúis agus dearbhuithe reachtúla a fháil uathu. Nocht na hiarrthóirí sin síntiúis de luach €274,466.29 san iomlán - féach Tábla A thíos. Is ceart a thabhairt faoi deara gur ceanglas bliantúil ar chomhaltaí ina suí den Dáil agus den Seanad é Ráiteas Síntiúis agus Dearbhú Reachtúil a chur ar fáil.

Ba é Sinn Féin an síntiúsóir aonair is mó a thug síntiúis airgeadaíochta de €43,511.43 san iomlán dá iarrthóirí nár éirigh leo agus d'aisíoc na hiarrthóirí sin €12,971.04 leis an bpáirtí ina dhiaidh sin a raibh síntiúis glactha acu ón bpáirtí de bhreis ar an teorainn reachtúil - féach thíos. Thug páirtithe polaitíochta eile - Fine Gael (€5,790 ar aisíocadh €710.52 de), Fianna Fáil (€5,437.50), Páirtí an Lucht Oibre (€3,873.59), an Comhaontas Glas (€2,239.00) agus Páirtí na nOibrithe (€900) - síntiúis airgeadaíochta dá n-iarrthóirí nár éirigh leo.

Ba é an Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil (CSTGT) an dara síntiúsóir aonair is mó a thug síntiúis de €26,900 san iomlán d'iarrthóirí Pháirtí an Lucht Oibre. Thug trí cheardchumann eile - ASTI (€3,500), Cumann Múinteoirí Éireann (€2,538.74) agus MSF (€2,000) - síntiúis d'iarrthóirí ag an toghchán freisin.

Síntiúis Choiscthe

Tá fáil síntiús le luach comhiomlán de bhreis ar €2,539.48 ón síntiúsóir céanna coiscthe go reachtúil le héifeacht ón 1 Eanáir 2002. Nocht ochtar iarrthóirí nár éirigh leo go raibh síntiúis airgeadaíochta faighte acu a bhí de bhreis ar an teorainn sin. Rinneadh na haisíocaíochtaí riachtanacha leis na síntiúsóirí i ngach cás. I gcás iarrthóra amháin, aisíocadh síntiús nach raibh de bhreis ar an teorainn. San iomlán, aisíocadh síntiúis le luach de €16,951.30 le síntiúsóirí ag iarrthóirí nár éirigh leo. Sin 6.18% den luach iomlán de €274,466.29 i síntiúis a fuarthas.

Neamhfháil Ráiteas Síntiúis

Atreoraíodh chuig na Gardaí comhaid a bhain le hochtar iarrthóirí nár éirigh leo nár chuir Ráiteas Síntiúis agus Dearbhú Reachtúil ar fáil. Fuarthas gach Ráiteas Síntiúis agus Dearbhú Reachtúil ina dhiaidh sin.

Tábla A: Achoimre ar shíntiúis arna nochtadh ag iarrthóirí nár éirigh leo ag olltoghcháin na Dála agus an tSeanaid

Páirtí Polaitíochta	Dáil Éireann		Seanad Éireann	
	Líon síntiús a nochtadh	Luach na síntiús a nochtadh €	Líon síntiús a nochtadh	Luach na síntiús a nochtadh €
Fianna Fáil	12	51,288.62 ar aisíocadh €500 de	2	4,269.74
Fine Gael	9	21,215.28 ar aisíocadh €710.52 de	2	2,270.00
Páirtí an Lucht Oibre	20	55,278.01	1	2,000.00
Comhaontas Glas	4	6,498.52	aon cheann	n/a
An Páirtí Daonlathach	3	9,100	n/a	n/a
An Páirtí Sóisialach	1	2,500	n/a	n/a
Sinn Féin	20	66,298.09 ar aisíocadh €12,971.04 de	n/a	n/a
An Páirtí Dlúthpháirtíochta Críostaí	aon cheann	n/a	n/a	n/a
Páirtí na nOibrithe	2	1,900	n/a	n/a
Páirtí na nOibrithe Sóisialacha	aon cheann	n/a	n/a	n/a
Páirtí na gCumannach	n/a	n/a	aon cheann	n/a
Neamhpháirtí	25	60,387.77 ar aisíocadh €2,769.74 de	7	25,269.39
Iomlán	**96**	**274,466.29 ar aisíocadh €16,951.30 de**	**12**	**33,809.13**

Olltoghchán do Sheanad Éireann

Tionóiltear olltoghchán do Sheanad Éireann tráth nach déanaí ná 90 lá i ndiaidh lánscoir do Dháil Éireann. Shocraigh an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil an 11 agus an 12 Iúil 2002 mar na dátaí do na toghcháin phainéil agus ollscoile, faoi seach. D'eisigh an Coimisiún um Chaighdeáin treoirlínte inar leagadh amach an staid reachtúil i ndáil le fáil agus nochtadh síntiús chuig gach iarrthóir a bhí ag rith don toghchán. Níl aon teorainneacha caiteachais ann ag toghcháin don Seanad.

Síntiúis arna nochtadh ag iarrthóirí nár éirigh leo ag Olltoghchán an tSeanaid

Bhí Ráitis Síntiúis agus Dearbhuithe Reachtúla ó iarrthóirí nár éirigh leo ag olltoghchán an tSeanaid le bheith curtha ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 10 Meán Fómhair 2002 (iarrthóirí painéil) agus faoin 11 Meán Fómhair 2002 (iarrthóirí ollscoile), .i. 56 lá i ndiaidh lá na vótála. Níor mhór d'iarrthóirí nár éirigh leo síntiúis a nochtadh de luach de bhreis ar €634.87 a fuarthas i ndáil leis an toghchán.

Is 151 a bhí sa líon iarrthóirí a rith d'olltoghchán an tSeanaid. Astu sin, toghadh 49 n-iarrthóir díobh, rud a d'fhág 102 iarrthóir san iomlán nár éirigh leo a raibh gá Ráitis Síntiúis agus Dearbhuithe Reachtúla a fháil uathu. D'ainmnigh an Taoiseach an 11 chomhalta eile den Seanad ar an 26 Iúil 2002. Nocht 12 den 102 iarrthóir nár éirigh leo síntiúis le luach iomlán de €33,809.12 - féach Tábla A thuas.

Ba é ASTI an síntiúsóir aonair ba mhó a thug síntiúis de €5,078.02 san iomlán do bheirt dá chomhaltaí a bhí ina n-iarrthóirí ag an toghchán. Thug Cumann Múinteoirí Éireann síntiúis feisin de €2,539.74 san iomlán do bheirt dá chomhaltaí fad a thug CSTGT síntiús de €2,000 do dhuine dá chomhaltaí. Thug Fianna Fáil (Comhairle Ceantair Cheatharlach) síntiús de €1,000 do dhuine dá iarrthóirí. Thug Fine Gael (craobh Bhaile Átha Luain) síntiús comhchosúil do dhuine dá iarrthóirí.

Atreoraíodh comhaid chuig na Gardaí maidir le beirt iarrthóirí nár éirigh leo nár chuir Ráiteas Síntiúis agus Dearbhú Reachtúil ar fáil. Fuarthas na doiciméid ón mbeirt iarrthóirí ina dhiaidh sin.

Síntiúis arna nochtadh ag Teachtaí Dála, Seanadóirí agus comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa i 2002

Ceanglaítear ar chomhaltaí de dhá Theach an Oireachtais agus de Pharlaimint na hEorpa Ráiteas Síntiúis bliantúil agus Dearbhú Reachtúil bliantúil a chur ar fáil ina nochtar sonraí faoi shíntiúis faighte chun críoch polaitiúil, a sháraíonn luach de €634.87. Ní mór an Ráiteas Síntiúis agus an Dearbhú Reachtúil bliantúil a chur ar fáil faoin 31 Eanáir de gach bliain maidir leis an mbliain féilire roimhe. I gcás na Ráiteas Síntiúis agus Dearbhuithe Reachtúla do 2001, ba é an 31 Eanáir 2002 an dáta iomchuí. Ní raibh feidhm ag an teorainn reachtúil ar luach na síntiús lenar féidir glacadh i gcás síntiús a fuarthas i 2001.

Ráitis Síntiúis faighte i 2002

Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin 241 Ráiteas Síntiúis agus Dearbhuithe Reachtúla san iomlán do 2001 ó 166 chomhalta de Dháil Éireann, 60 comhalta de Sheanad Éireann agus 15 comhalta de Parlaimint na hEorpa. Chuir an Seanadóir Avril Doyle, comhalta de Pharlaimint na hEorpa, agus an Teachta Proinsias de Rossa, comhalta de Pharlaimint na hEorpa, dhá ráiteas ar leithligh ar fáil mar aitheantas dá ndéchomhaltas. Cuireadh na Ráitis Síntiúis agus na Dearbhuithe Reachtúla, in éineacht le tuarascáil ón gCoimisiún um Chaighdeáin leis an gCeann Comhairle, faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus cuireadh ar taispeáint phoiblí iad. Tá achoimre ar líon agus luach na síntiús a nochtadh le fáil i dTábla B.

Tábla B: Ráitis Síntiúis faighte i 2002 ó chomhaltaí den Dáil agus den Seanad agus ó chomhalta de Pharlaimint na hEorpa

Páirtí Polaitíochta	Dáil Éireann Líon síntiús a nochtadh	Dáil Éireann Luach na síntiús a nochtadh €	Seanad Éireann Líon síntiús a nochtadh	Seanad Éireann Luach na síntiús a nochtadh €	Parlaimint na hEorpa Líon síntiús nochtadh	Parlaimint na hEorpa Luach na síntiús a nochtadh €	Luach iomlán na síntiús a nochtadh €
Fianna Fáil	10	34,560	2	4,126	aon cheann	n/a	38,686
Fine Gael	3	4,639	aon cheann	n/a	aon cheann	n/a	4,639
Páirtí an Lucht Oibre	5	8,037	1	1,270	aon cheann	n/a	9,307
Comhaontas Glas	aon cheann	n/a	n/a	n/a	aon cheann	n/a	n/a
An Páirtí Daonlathach	2	11,306	aon cheann	n/a	n/a	n/a	11,306
An Páirtí Sóisialach	aon cheann	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a
Sinn Féin	aon cheann	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a
Neamhpháirtí	1	20,399	aon cheann	n/a	1	952	21,351
Iomlán	**21**	**78,941**	**3**	**5,396**	**1**	**952**	**85,289**

Síntiúis arna nochtadh ag páirtithe polaitíochta i 2002

Ní mór d'Oifigeach Cuí gach páirtí polaitíochta chláraithe Ráiteas Síntiúis agus Dearbhú Reachtúil bliantúil a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, ina dtugtar le fios an bhfuair an páirtí aon síntiúis de bhreis ar €5,078.95 i luach, nó i luach comhiomlán, ón duine céanna, le linn na bliana féilire roimhe. Níl ceangal ar pháirtithe síntiúis de luach €5,078.95 nó níos lú a nochtadh. Ní mór an Ráiteas Síntiúis agus an Dearbhú Reachtúil a chur ar fáil faoin 31 Márta gach bliain. Mura bhfuil Oifigeach Cuí ceaptha, meastar gurb é ceannaire an pháirtí an tOifigeach Cuí agus ceanglaítear air nó uirthi an Ráiteas Síntiúis agus an Dearbhú Reachtúil a chur ar fáil.

Ráitis Síntiúis faighte i 2002

Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin Ráitis Síntiúis agus Dearbhuithe Reachtúla, a chlúdaigh an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2001, ó gach ceann de na 13 pháirtí polaitíochta a bhí cláraithe sa stát le linn 2001 chun dul san iomaíocht i dtoghchán don Dáil nó do Pharlaimint na hEorpa. Chuir an Coimisiún um Chaighdeáin cóipeanna de na Ráitis Síntiúis agus na Dearbhuithe Reachtúla ó na páirtithe faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus cuireadh ar taispeáint phoiblí iad. Tá achoimre ar an bhfaisnéis a fhaightear sna Ráitis Síntiúis le fáil i dTábla C.

Tábla C: Ráitis Síntiúis faighte i 2002 ó pháirtithe polaitíochta

Páirtí Polaitíochta	Luach na síntiús a nochtadh (€)	Líon síntiúsóirí	Luach an síntiúis is mó (€)
Sinn Féin	25,395 + $295,740 na Stát Aontaithe + $48,950 na hAstráile	3	$295,740 na Stát Aontaithe
Fianna Fáil	194,615	27	26,855
Páirtí an Lucht Oibre	*164,929	*3	78,587
An Páirtí Daonlathach	137,132	6	63,487
An Páirtí Sóisialach	37,077	1	35,807
Comhaontas Glas	**22,810	**4	9,675
Fine Gael	aon cheann	n/a	n/a
An Páirtí Dlúthpháirtíochta Críostaí	aon cheann	n/a	n/a
Páirtí Cumannach na hÉireann	aon cheann	n/a	n/a
Na Daonlathaigh Chríostaí (An Páirtí Náisiúnta)	aon cheann	n/a	n/a
Páirtí na nOibrithe Sóisialacha	aon cheann	n/a	n/a
Comhghuaillíocht Neamhspleách Chiarraí Theas	aon cheann	n/a	n/a
Páirtí na nOibrithe	aon cheann	n/a	n/a
Iomláin	**581,958 + $295,740 na Stát Aontaithe + $48,950 na hAstráile (coibhéiseach le €947,768)**	**44**	**n/a**

* *Thug Páirtí an Lucht Oibre faoi deara ina Ráiteas Síntiúis gur aisíocadh síntiús amháin, de luach €63,487, leis an síntiúsóir, An tUasal Denis O'Brien. Tá an méid sin áirithe san fhigiúr de €164,929 thuas.*

** *Níor sháraigh trí cinn de na síntiúis a nocht an Páirtí Glas €5,078.95 agus, dá bhrí sin, níor ghá iad a nochtadh.*

Thug roinnt teachtaí tofa síntiúis dá bpáirtithe polaitíochta féin. Thug an Teachta Joe Higgins an síntiús is mó díobh sin nuair a thug sé €37,077 don Pháirtí Sóisialach, agus ina dhiaidh sin tháinig an Teachta Caoimhghín Ó Caoláin, a thug síntiúis de €25,395 do Shinn Féin agus an Teachta Proinsias de Rossa a thug síntiúis de €22,855 do Pháirtí an Lucht Oibre. Nocht Comhantas Glas síntiúis freisin ó Patricia McKenna, comhalta de Pharlaimint na hEorpa, a thug €9,675 don pháirtí. Nocht an Comhantas Glas freisin síntiúis de €4,723 agus €4,381 ó na Teachtaí Trevor Sargent agus John Gormley, faoi seach, agus síntiús de €4,031 ó Nuala Ahern, comhalta de Pharlaimint na hEorpa. Níor ghá na síntiúis sin a nochtadh, toisc iad a bheith faoin tairseach €5,078.95.

Maoiniú Státchiste do Pháirtithe Polaitíochta

Maoiniú faoi na hAchtanna Toghcháin

Soláthraíonn na hAchtanna Toghcháin do mhaoiniú poiblí páirtithe polaitíochta cáilithe. Chun cáiliú le haghaidh maoinithe faoin reachtaíocht sin, ní mór do pháirtí polaitíochta a bheith áirithe sa Chlár Páirtithe Polaitíochta agus ní mór a dó faoin gcéad ar a laghad de na vótaí chéad rogha a bheith daingnithe aige ag olltoghchán deireanach na Dála. Cháiligh seacht bpáirtí polaitíochta, lena n-áirítear an Daonlathas Clé, le haghaidh maoinithe phoiblí ar bhonn thorthaí olltoghchán 1997. Cáilíonn sé pháirtí polaitíochta ar bhonn thorthaí olltoghchán 2002. Déantar méid an mhaoinithe atá iníoctha le gach páirtí cáilithe a chinneadh tríd an gcion a dhaingnigh sé de na vótaí chéad rogha san iomlán a fuair na páirtithe cáilithe go léir.

Forálann an reachtaíocht nach mór an maoiniú a úsáid do bhainistiú agus iompar ginearálta ghnóthaí an pháirtí agus do shaothrú dlíthiúil aon chuspóirí dá chuid agus, gan claontacht i leith ghinearáltacht na nithe sin roimhe seo, d'aon cheann nó do gach ceann de na críocha seo a leanas:

- riaradh ginearálta an pháirtí;
- taighde, oideachas agus oiliúint;
- foirmiú polasaí;
- comhordú ghníomhaíochtaí na gcraobh agus comhaltaí den pháirtí.

Tá an maoiniú measta le soláthar a áireamh maidir le cur chun cinn páirtíochta ag mná agus daoine óga i ngníomhaíocht pholaitiúil. Tá soláthar ann freisin nach féidir an maoiniú a "úsáid chun críocha costais toghcháin, nó chun iad a fhorchúiteamh".

Ní mór do na páirtithe cáilithe cuntas a thabhairt ar bhonn bliantúil ar an úsáid a bhaintear as an maoiniú. Soláthraíonn Oifigeach Cuí gach páirtí cháilithe Ráiteas Caiteachais Státchiste don Choimisiún um Chaighdeáin ina dtugtar sonraí faoi mhéid an mhaoinithe a fuarthas maidir leis an mbliain roimhe agus faoi na críocha lenar cuireadh i bhfeidhm é. Teastaíonn iniúchóir poiblí chun an ráiteas a iniúchadh agus ní mór tuarascáil an iniúchóra in éineacht leis an ráiteas a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin. Ní dhéantar íocaíochtaí i ndiaidh dheireadh Aibreáin d'aon bhliain le páirtí cáilithe mura bhfuil Ráiteas Síntiúis agus Ráiteas Caiteachais Státchiste curtha ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin i leith na bliana roimhe.

Íocaíochtaí déanta i leith 2001

Faoi Acht 1997, níorbh fhéidir íocaíochtaí iomlána le páirtithe cáilithe €1,269,738 a shárú go bliantúil. Bhí an figiúr sin, áfach, faoi réir uathmhéadaithe de réir na méaduithe ginearálta ar luach saothair na státseirbhíse. Is é a bhí sa mhaoiniú iomlán a bhí ar fáil do pháirtithe polaitíochta cáilithe i leith 2000 ná

€1,379,616.80. Le linn 2001 bhí méadú 2% ann le héifeacht ón 1 Aibreán 2001 agus méadú 5.5% le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2001, faoin gClár um Rathúnas agus Cothroime. Ina theannta sin, le hAcht 2001 méadaíodh an leibhéal maoinithe le héifeacht ón 1 Samhain 2001. I mbliain iomlán, d'íocfaí €126,974 anois le gach páirtí cáilithe agus rannpháirteofaí €3,809,214 eatarthu ar an mbonn tuairiscthe thuas. Is é an maoiniú iomlán a bhí ar fáil do pháirtithe polaitíochta cáilithe i leith 2001 ná €1,980,471.

Is é an méid a íocadh le páirtithe polaitíochta cáilithe i leith 2001 ná €1,950,054. Is é atá san iarmhéid de €30,417 ná an méid a bheadh iníoctha leis an Daonlathas Clé, suas go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2001, dá leanfadh sé de bheith cláraithe mar pháirtí polaitíochta. Mar nach raibh sé cláraithe a thuilleadh, ó chumaisc sé le Páirtí an Lucht Oibre i mí Eanáir 1999, níor chomhlíon sé ceann de na critéir cháilithe le haghaidh íocaíochta. Faoi Acht 2001, áfach, foráladh i gcás go bhfuil páirtí polaitíochta amháin nó níos mó cónasctha le páirtí polaitíochta eile, go ndéanfaí líon iomlán na vótaí chéad rogha a fhaigheann gach iarrthóir ó gach iarpháirtí a lua leis an bpáirtí nua. Dá réir sin, le héifeacht ón 1 Samhain 2001, tá Páirtí an Lucht Oibre intofa leis an maoiniú a fháil a bheadh iníoctha leis an iar-Dhaonlathas Clé.

Tá miondealú ar an gcaoi inar caitheadh an maoiniú a fuair gach ceann de na sé pháirtí polaitíochta cháilithe i leith 2001 le fáil i dTábla D.

Tábla D: Caiteachas de mhaoiniú Státchiste faighte faoi na hAchtanna Toghcháin i leith 2001

Páirtí Polaitíochta Cáilithe	Riaradh ginearálta (€)	Taighde, oideachas & oiliúint (€)	Foirmiú polasaí (€)	Comhordú gníomhaíochtaí craobh & comhaltaí (€)	Cur Chun cinn ban & daoine óga (€)	Méid maoinithe iomláin caite (€)
Fianna Fáil	540,291	3,028	Nialas	287,892	(59,625)[1]	831,211
Fine Gael	354,670	1,270	Nialas	192,226	48,498	596,664
Páirtí an Lucht Oibre	196,851	Nialas	8,585	13,167	34,328	252,931
An Páirtí Daonlathach	117,543	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	117,543
Comhaontas Glas	55,299	Nialas	254	Nialas	889	56,442[3]
Sinn Féin	73,717	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	73,717
Iomlán	**1,338,371**	**4,298**	**8,839**	**493,285**	**83,715**[2] (143,340)	**1,928,508**[4]

[1]: *Árithe cheana féin faoin gceannteideal 'Comhordú gníomhaíochtaí craobh & comhaltaí'*

[2]: *Ní áirítear anseo an méid dá dtagraítear ag 1.*

[3]: *Fuair Comhaontas Glas €77,988 i maoiniú Státchiste i leith na tréimhse 1 Eanáir 2001 go 31 Nollaig 2001 agus thug cuntas ar €56,442 ina Ráiteas Caiteachais Státchiste. Thug gach páirtí eile cuntas ar na méideanna iomlána a fuarthas.*

[4]: *Tá na figiúirí bailchríochnaithe go dtí an € is gaire.*

Tábla E: Maoiniú Státchiste faighte faoi na hAchtanna Toghcháin ag páirtithe polaitíochta cáilithe do 2002

Páirtithe Polaitíochta Cáilithe	Iomlán maoinithe faighte	Caiteachas iomlán i 2002, más ann, den mhaoiniú faighte	Iarmhéid an mhaoinithe tugtha ar aghaidh go 2003
	€	€	€
Fianna Fáil	1,898,164	1,898,125	39
Fine Gael	1,193,566	906,305	287,261
Páirtí an Lucht Oibre	627,385	494,059	133,326
An Páirtí Daonlathach	307,594	307,594	Nialas
Comhaontas Glas	272,834	182,375	90,459
Sinn Féin	347,664	347,664	nialas
Iomlán	**4,647,207**	**4,136,122**	**511,085**

Íocaíochtaí déanta i leith 2002

I dTábla E thuas taispeántar an méid maoinithe ón Státchiste a íocadh leis na sé pháirtí cháilithe i leith 2002. Soláthrófar sonraí faoin gcaoi ar úsáid na páirtithe an maoiniú sin i dTuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Chaighdeáin do 2003.

Maoiniú faoin Liúntas do Cheannairí Páirtí

Faoin Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2001 (an tAcht), foráiltear d'íocaíocht liúntais bhliantúil le ceannaire parlaiminte páirtí polaitíochta cháilithe i ndáil le costais a éiríonn as gníomhaíochtaí parlaiminte, lena n-áirítear taighde, de chuid an pháirtí. An Liúntas do Cheannairí Páirtí is teideal don liúntas sin.

Sainmhínítear páirtí cáilithe mar pháirtí, cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta, a chuir isteach ar an olltoghchán roimhe nó ar aon chorrthoghcháin iardain agus ag a raibh comhalta amháin ar a laghad tofa do Dháil Éireann nó tofa nó ainmnithe do Sheanad Éireann ag an olltoghchán sin nó ag aon chorrthoghchán iardain.

Déantar an liúntas a ríomh le haghaidh gach ceannaire pharlaimintigh trí thagairt don líon comhalta den pháirtí a toghadh do Dháil Éireann ag an olltoghchán deireanach roimhe don Dáil nó ag corrthoghchán iardain, nó a toghadh nó a ainmníodh do Sheanad Éireann ag an olltoghchán deireanach roimhe don Seanad nó a ainmníodh dó i ndiaidh an olltoghcháin dheireanaigh roimhe.

I gcás Dháil Éireann, is é atá sa liúntas ná €48,547 in aghaidh an chomhalta do gach duine den chéad deichniúr comhaltaí tofa, €38,837 in aghaidh an chomhalta do gach comhalta tofa ó 11 go 30 comhalta agus €19,423 do gach comhalta tofa os cionn 30 comhalta.

I gcás chomhaltaí an tSeanaid, is é atá sa liúntas ná €31,743 in aghaidh an chomhalta tofa nó ainmnithe do gach duine den chéad chúigear

comhaltaí agus €15,872 do gach comhalta tofa nó ainmnithe os cionn 5 comhaltaí.

Faigheann comhaltaí neamhspleácha de Dháil Éireann liúntas de €27,934 agus faigheann comhaltaí neamhspleácha de Sheanad Éireann liúntas de €15,872. Ní cheanglaítear ar na comhaltaí sin Ráiteas Caiteachais a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin i ndáil leis an liúntas.

Má tá páirtí cáilithe mar chuid den Rialtas, déanfar i gcás a chomhaltaí den Dáil, amháin, na liúntais in éineacht a laghdú aon trian. Ní féidir an liúntas a úsáid le haghaidh chostais toghcháin nó vótaíochta, nó chun na costais sin a fhorchúiteamh, a dhéantar a thabhú chun críocha toghcháin nó vótaíochta tionóilte faoi achtanna éagsúla mar na hAchtanna Toghcháin, Achtanna um Thoghcháin Pharlaimint na hEorpa, Achtanna um Thoghcháin Uachtaránachta, Achtanna Reifrinn nó Achtanna Toghcháin an tSeanaid. Níl cáin ioncaim inghearrtha ar na liúntais. I gcás go gcomhaontaíonn comhaltaí de pháirtí cáilithe an páirtí a dhíscaoileadh agus cónascadh le páirtí cáilithe sonraithe eile, nó go dtéann a chuid comhaltaí go léir isteach sa pháirtí eile sin, measfar comhaltaí an iarpháirtí don Dáil agus don Seanad, ó dháta an díscaoilte, mar chomhaltaí den pháirtí sonraithe eile chun críche an liúntas a íoc.

Ceanglaítear ar gach ceannaire páirtí ráiteas aon chaiteachais ón liúntas a ullmhú, nó tabhairt ar dhuine ráiteas dá leithéid a ullmhú, tráth nach mó ná 120 lá i ndiaidh dheireadh na bliana féilire inar íocadh liúntas. Ní mór d'iniúchóir poiblí an ráiteas a iniúchadh agus ní mór é a chur in éineacht le tuarascáil an iniúchóra faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin laistigh den tréimhse 120 lá.

Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin tuarascáil a chur ar fáil don Aire Airgeadais ina dtugtar le fios an bhfuil an ráiteas agus tuarascáil an iniúchóra curtha faoi bhráid laistigh den tréimhse shonraithe, an bhfuil aon chaiteachas neamhúdaraithe nochta agus an bhfuil an ráiteas leordhóthanach nó mí-oiriúnach. Ní mór cóip den tuarascáil don Aire Airgeadais a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin cóip de na ráitis agus de thuarascálacha na n-iniúchóirí a choinneáil ar feadh trí bliana agus caithfidh siad a bheith ar fáil le haghaidh iniúchta phoiblí agus le haghaidh cóipeála.

Ní íocfar an liúntas leis an gceannaire parlaiminte mura bhfuil an ráiteas caiteachais agus tuarascáil an iniúchóra faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin tráth nach mó ná 120 lá i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais (.i. faoin 30 Aibreán). Déantar an tréimhse 120 lá a shíneadh ag aon tréimhse dá bhfuil an Dáil lánscortha a tharlaíonn ar aon am leis an tréimhse sin.

Folaíonn "caiteachais a éiríonn as na gníomhaíochtaí parlaiminte, lena n-áirítear taighde" caitheachas ar na nithe seo a leanas:

(a) riaradh ginearálta ghníomhaíochtaí parlaiminte páirtí cháilithe,

(b) an soláthar comhairle teicniúla nó sainchomhairle ar dócha go mbeidh gá léi maidir le tograí reachtaíochta nó tionscnaimh pharlaiminte fhéideartha,

(c) taighde agus oiliúint,

(d) foirmiú polasaí,

(e) an soláthar seirbhísí comhairleacha, lena n-áirítear seirbhísí caidrimh phoiblí a fhostú,

(f) vótaíocht nó sampláil dearcaí poiblí maidir le díospóireachtaí nó tionscnaimh pharlaiminte,

(g) ceannach seirbhísí tacaíochta do pháirtí parlaiminte ón bpáirtí,

(h) íocaíocht le haon cheannaire parlaiminteach d'aon tuarastal nó airgead onóra i leith dualgas a éiríonn as a c(h)uid gníomhaíochtaí mar cheannaire dá leithéid idirdhealaithe ó thuarastail nó airgead onóra de chuid comhalta de Dháil Éireann nó de chuid shealbhóir oifig Aireachta,

(i) íocaíocht le duine eile d'aon tuarastal nó airgead onóra i leith dualgas a éiríonn as gníomhaíochtaí an duine i bpáirtí parlaiminte,

(j) an soláthar do, nó forchúiteamh ar, chaiteachas iompair agus pearsanta arna thabhú ag ceannaire parlaiminteach, oifigigh nó urlabhraí de chuid páirtí parlaiminte mar thoradh ar fheidhm a bpáirtí parlaiminte,

(k) siamsaíocht.

Féadfaidh an tAire Airgeadais, faoi rialáil, an liosta thuas a fhairsingiú tar éis dul i gcomhairle leis na ceannairí parlaiminteacha agus tar éis aon tuarascáil déanta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin a bhreithniú.

Íocaíochtaí déanta i leith 2001

Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig na ceannairí parlaiminteacha ar na seacht bpáirtí cháilithe ar an 19 Márta 2002 á iarraidh orthu go ndéanfaidís, nó gcuirfidís ar dhuine, ráiteas aon chaiteachais ón liúntas bliantúil a íocadh faoin Acht i 2001 a ullmhú. Cuireadh in iúl dóibh nár mhór tuarascáil iniúchóra a chur in éineacht leis an ráiteas.

Is iad na ceannairí parlaiminteacha a cháiligh le haghaidh íocaíochta i 2001 ná:

- Bertie Ahern, TD, Taoiseach, Fianna Fáil.
- Michael Noonan, TD, Fine Gael.
- Ruairí Quinn, TD, Páirtí an Lucht Oibre.
- Mary Harney, TD, An Páirtí Daonlathach.
- Trevor Sargent, TD, An Comhaontas Glas.
- Caoimhghín Ó Caoláin, TD, Sinn Féin.
- Joe Higgins, TD, An Páirtí Sóisialach.

D'iarr an Coimisiún um Chaighdeáin go ndéanfaí na foirmeacha iomchuí a chomhlánú agus a sheoladh ar ais faoin 31 Márta 2002. Roghnaigh an Coimisiún um Chaighdeáin an dáta sin, cé nach bhfuil sé sonraithe sa reachtaíocht, chun a chinntiú go raibh am leordhóthanach ag ceannairí parlaiminteacha na ráitis a chur ar fáil roimh an 30 Aibreán 2002, sa mhéid go bhforáiltear faoin Acht nach ndéanfar liúntas a íoc mura bhfuil an ráiteas agus tuarascáil an iniúchóra faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin tráth nach mó ná 120 lá i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann an ráiteas agus tuarascáil an iniúchóra (.i. faoin 30 Aibreán). Déantar an tréimhse 120 lá a shíneadh ag aon tréimhse dá bhfuil an Dáil lánscortha a tharlaíonn ar aon am leis an tréimhse sin.

I ndáil le tuairisceáin i leith 2001, mar gur lánscoradh an Dáil ar an 25 Aibreán 2002 agus nár ationóladh go dtí an 6 Meitheamh 2002, síneadh an dáta faoinar ghá do cheannairí parlaiminteacha ráiteas caiteachais agus tuarascáil iniúchóra i leith 2001 a chur ar fáil go dtí an 12 Meitheamh 2002.

Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin Ráiteas Caiteachais agus Tuarascáil Iniúchóra Phoiblí ó na ceannairí parlaiminteacha de chuid sé cinn as na seacht bpáirtí cháilithe laistigh den sprioc-am den 12 Meitheamh 2002. Fuarthas an t-ábhar ó Fhine Gael ar an 17 Meitheamh 2002.

Bhreithnigh an Coimisiún um Chaighdeáin na Ráitis Chaiteachais agus Tuarascálacha na nIniúchóirí Poiblí agus bhí sé sásta:

a) nár nocht siad aon chaiteachas nár chomhlíon an tAcht, agus

b) go raibh siad leordhóthanach agus nach raibh siad mí-oiriúnach.

Tábla F: Cistí faighte ag ceannairí parlaiminteacha de chuid páirtithe polaitíochta cáilithe faoin Liúntas do Cheannairí Páirtí i 2001

	Iomlán Faighte €	Iomlán Caite €
Fianna Fáil	1,562,205	946,278
Fine Gael	1,718,843	1,431,726
Páirtí an Lucht Oibre	956,454	956,454
An Páirtí Daonlathach	182,055	90,579
Comhaontas Glas	102,344	56,886
Sinn Féin	51,172	49,471
An Páirtí Sóisialach	51,172	37,385
Iomlán	**4,624,245**	**3,568,779**

Tá sonraí faoi na liúntais íoctha leis na ceannairí parlaiminteacha agus achoimre ar an gcaiteachas ó na liúntais i 2001 le fáil i dTábla F. I dTábla G soláthraítear miondealú ar chaiteachas ó na liúntais.

Mura ndéantar maoiniú i leith bliana ar leith a chaitheamh sa bhliain sin, ní mór cuntas a thabhairt air sa/sna ráiteas/ráitis don bhliain ina gcaitear é.

Tábla G: Miondealú ar chaitheamh cistí faighte ag ceannairí parlaiminteacha de chuid páirtithe polaitíochta cáilithe faoin Liúntas do Cheannairí Páirtí i 2001. Seasann na litreacha sa chéad cholún do na ceannteidil liostaithe in a) go k) ar leathanaigh 29 agus 30.

	Fianna Fáil	Fine Gael	Páirtí an Lucht Oibre	An Páirtí Sóisialach	Comhaontas Glas	Sinn Féin	An Páirtí Sóisialach	Iomlán
	€	€	€	€	€	€	€	€
a	446,323	153,719	801,458	3,796	1,404	9,353	nialas	1,416,053
b	nialas	nialas	1,581	nialas	nialas	nialas	nialas	1,581
c	92,756	nialas	8,819	1,251	18,536	nialas	30,056	151,418
d	46,433	73,795	2,539	nialas	2,793	nialas	5,823	131,383
e	127,956	50,328	23,218	nialas	nialas	nialas	nialas	201,502
f	109,369	nialas	38,092	nialas	nialas	nialas	nialas	147,461
g	96,870	1,024,662	11,750	83,803	34,153	25,395	nialas	1,276,633
h	nialas	46,463	19,046	nialas	nialas	nialas	nialas	65,509
i	nialas	nialas	12,697	nialas	nialas	14,723	nialas	27,420
j	22,000	82,759	30,454	nialas	nialas	nialas	1,506	136,719
k	4,571	nialas	6,800	1,729	nialas	nialas	nialas	13,100
Iomlán	**946,278**	**1,431,726**	**956,454**	**90,579**	**56,886**	**49,471**	**37,385**	**3,568,779**

Íocaíochtaí déanta i leith 2002

Is iad na ceannairí parlaiminteacha a cháiligh le haghaidh íocaíochtaí i 2002 ná:

- Bertie Ahern, TD, Taoiseach, Fianna Fáil.
- Enda Kenny, TD agus Michael Noonan, TD, Fine Gael.
- Pat Rabbitte, TD agus Ruairí Quinn, TD, Páirtí an Lucht Oibre.
- Mary Harney, TD, An Páirtí Daonlathach.
- Trevor Sargent, TD, An Comhaontas Glas.
- Caoimhghín Ó Caoláin, TD, Sinn Féin.
- Joe Higgins, TD, An Páirtí Sóisialach.

Faoin reachtaíocht foráiltear go bhféadfaidh an duine a bhí ina c(h)eannaire parlaiminteach ar pháirtí agus an duine a thagann i gcomharba air nó uirthi comhaontú i scríbhinn go ndéanfar ráiteas caiteachais ón liúntas bliantúil íoctha le hiarcheannaire parlaiminteach a áireamh sa chéad ráiteas eile óna c(h)omharba.

Tábla H: Cistí faighte ag na ceannairí parlaiminteacha de chuid páirtithe polaitíochta cáilithe faoin Liúntas do Cheannairí Páirtí i 2002

	Maoiniú iomlán faighte	Méid maoinithe tugtha anonn ó 2001	Maoiniú foriomlán ar fáil le caitheamh i 2002	Caiteachas iomlán i 2002, más ann, den mhaoiniú faighte	Iarmhéid an mhaoinithe tugtha anonn go 2003
	€	€	€	€	€
Fianna Fáil	2,094,432	615,927	2,710,359	1,418,036	1,292,323
Fine Gael	1,826,963	230,932	2,057,895	2,057,895	Nialas
Páirtí an Lucht Oibre	1,052,611	nialas	1,052,611	906,393	146,218
An Páirtí Daonlathach	331,620	120,336	451,956	223,642	228,314
Comhaontas Glas	232,629	102,222	334,851	25,207	309,644
Sinn Féin	182,322	1,700	184,022	109,027	74,995
An Páirtí Sóisialach	50,305	13,787	64,092	59,814	4,278
Total[1]	**5,770,882**	**1,084,904**	**6,855,786**	**4,800,014**	**2,055,722**

1 Tá na figiúirí bailchríochnaithe go dtí an € is gaire.

Cuirfear miondealú ar an gcaoi ar caitheadh na cistí sin ar fáil i dTuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Chaighdeáin do 2003.

I dTábla I taispeántar a mhéid a maoiníodh páirtithe polaitíochta cáilithe go díreach ag an Státchiste i 2002.

Tábla I: Iomlán na gcistí Státchiste faighte ag na páirtithe polaitíochta cáilithe faoi na hAchtanna Toghcháin agus faoin Liúntas do Cheannairí Páirtí i 2002

	Maoiniú iomlán faighte faoin Liúntas do Cheannairí Páirtí do 2002 €	Maoiniú iomlán faighte faoi na hAchtanna Toghcháin do 2002 €	Maoiniú foriomlán ón Státchiste do 2002 €
Fianna Fáil	2,094,432	1,898,164	3,992,596
Fine Gael	1,826,963	1,193,566	3,020,529
Páirtí an Lucht Oibre	1,052,611	627,385	1,679,996
An Páirtí Daonlathach	331,620	307,594	639,214
Comhaontas Glas	232,629	272,834	505,463
Sinn Féin	182,322	347,664	529,986
An Páirtí Sóisialach	50,305	n/a	50,305
Iomlán	5,770,882	4,647,207	10,418,089

Clárú Tríú Páirtithe

Cúlra

Faoi alt 23 C den Acht Toghcháin, 1997, mar a cuireadh isteach ag Acht 2001, foráiltear nach mór do thríú páirtí, .i. aon duine, seachas páirtí polaitíochta nó iarrthóir ag toghchán, a ghlacann, i mbliain ar leith, síntiús chun críocha polaitíochta de luach níos mó ná €126.97, clárú leis an gCoimisiún um Chaighdeáin.

Tháinig forálacha alt 23 C i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2002. Cé go bhfuil iarmhairt leanúnach acu, tá siad an-bhainteach le hábhar le linn feachtas polaitíochta ar nós toghchán nó reifreann. I 2002 bhí feidhm acu leis an reifreann ar ghinmhilleadh ar an 6 Márta, le holltoghchán na Dála ar an 17 Bealtaine agus leis an reifreann ar Chonradh Nice ar an 19 Deireadh Fómhair.

D'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin fógra poiblí, inar cuireadh faisnéis ar fáil maidir le hoibleagáidí tríú páirtithe, sna nuachtáin laethúla ar an 24 Eanáir 2002. Ar an lá céanna, bhí airteagail a bhain leis na forálacha nua le feiceáil i roinnt nuachtán. Ar an lá sin freisin, foilsíodh nóta míniúcháin, inar tugadh achoimre ar fhorálacha iomchuí na reachtaíochta, ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin (www.sipo.ie). Foilsíodh an fógra poiblí le linn na seachtaine a lean i nuachtáin an Domhnaigh agus sna nuachtáin chúigeacha.

Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin roinnt fiosruithe ó ábhar tríú páirtithe mar fhreagairt ar an bhfógra poiblí, ar an nóta míniúcháin agus ar chlúdach na meán. Ag cuimhneamh ar chineál ginearálta na poiblíochta ag an am agus ar an sainmhíniú fíorleathan ar chuspóirí polaitíochta, d'fholaigh na scairteoirí pearsana aonair agus an iliomad comhlachtaí sa raon ó chumainn charthanachta, coistí bailte slachtmhara, cumainn lucht tráchtála, eagraíochtaí pobail, srl. go heagraíochtaí mar an Union for Europe

Movement agus an Pro-Life Campaign.

Iarradh ar na pearsana aonair agus grúpaí sin a rinne teagmháil leis an gCoimisiún um Chaighdeáin, a mheas go bhféadfadh sé go raibh siad clúdaithe ag an reachtaíocht, scríobh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin agus sonraí a thabhairt faoin bpearsa aonair nó faoin ngrúpa, in éineacht le gníomhaíochtaí a raibh sé beartaithe dul ina mbun agus achoimre ar aon ghnáthfhoinse maoinithe.

Chinn an Coimisiún um Chaighdeáin gurb é an cur chuige a ghlacfadh sé chun déileáil le pearsana aonair agus grúpaí dá leithéidí ná teagmháil a dhéanamh leo sin go léir a tugadh ar a aird i ndáil le feachtais ar leith, e.g. an reifreann ar ghinmhilleadh, olltoghchán 2002 don Dáil agus an reifreann ar Chonradh Nice.

Taobh amuigh d'fheachtais dá leithéidí, agus toisc go bhfuil feidhm ag an gceanglas clárú mar thríú páirtithe i gcónaí nuair atá síntiús de bhreis is €126.97 chun críocha polaitíochta faighte, ceanglaítear ar an gCoimisiún um Chaighdeáin déileáil le haon chás eile ina bhfuil fianaise go bhfuil pearsa aonair nó grúpa tar éis síntiús dá leithéid a fháil agus nach bhfuil sé nó sí tar éis clárú. Maidir leis sin, mura bhfuil réasún aige a chreidiúint gur dócha go bhfuil síntiús de bhreis is €126.97 chun críocha polaitíochta faighte ag an bpearsa aonair nó ag an ngrúpa, ní hé rún an Choimisiúin um Chaighdeáin é dul ar thóir gach pearsa aonair agus grúpa atá páirteach i ngach cineál feachtais i gcás go bhféadfadh sé go mbeadh na gníomhaíochtaí clúdaithe ag an sainmhíniú ar chríocha polaitíochta. Déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin teagmháil, áfach, le pearsana aonair nó grúpaí dá leithéidí le haghaidh soiléirithe ar a gcás má fhaightear gearán, nó faisnéis eile, faoina dteip maidir le clárú.

An Reifreann ar Ghinmhilleadh

I ndáil leis an reifreann ar ghinmhilleadh bhí vótaíocht ann Dé Céadaoin, an 6 Márta 2002. Chuaigh an Coimisiún um Chaighdeáin i mbun plé le grúpaí a bhí ag gabháil d'fheachtasaíocht ar an tsaincheist de réir mar, agus nuair, a rinne siad teagmháil leis an gCoimisiún um Chaighdeáin le haghaidh faisnéise nó má tugadh ar aird an Choimisiúin iad ar bhealach eile. Sna seachtainí díreach roimh lá na vótála, ba léir go raibh caiteachas mór á thabhú ar phóstaeir, srl., a bhain leis na feachtais a bhí á rith ag grúpaí áirithe. Bhí an Coimisiún um Chaighdeáin ar an eolas go raibh roinnt, ar a laghad, de na grúpaí sin ag lorg síntiús agus nach raibh siad cláraithe mar thríú páirtithe.

Seo a leanas achoimre ar an seasamh maidir leis na grúpaí agus na pearsana aonair sin a bhí gníomhach le linn fheachtas an reifrinn ar ghinmhilleadh:

- chláraigh grúpa amháin, "Pro-Life Campaign", leis an gCoimisiún um Chaighdeáin dá dheoin féin roimh lainseáil fheachtas an reifrinn ar ghinmhilleadh.
- chláraigh an dara grúpa, "Abortion Reform", dá dheoin féin dhá mhí, nach mór, i ndiaidh an reifrinn.
- chláraigh dhá ghrúpa, "Pro-Life Movement" agus "Irish Family Planning Association", leis an gCoimisiún um Chaighdeáin tar éis gur cuireadh ar a n-aird go bhféadfadh sé go mbeidís clúdaithe ag an reachtaíocht.
- d'athraigh grúpa eile, "Ireland for Life", a ainm go "Éire ar son na Beatha" agus chláraigh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin, i ndiaidh mhalartú comhfhreagrais, tar éis gur cuireadh ar a aird go bhféadfadh sé go mbeadh sé clúdaithe ag an reachtaíocht.

- chláraigh "Pro-Life Alliance" leis an gCoimisiún um Chaighdeáin freisin, i ndiaidh mhalartú comhfhreagrais, tar éis gur cuireadh ar a aird go bhféadfadh sé go mbeadh sé clúdaithe ag an reachtaíocht.

- bhí deacracht mhór ag an gCoimisiún um Chaighdeáin teagmháil a dhéanamh le "Alliance for a No Vote" (ag baint úsáide as uimhir Bosca Poist). Nuair a rinneadh an teagmháil, chláraigh an grúpa seo mar thríú páirtí freisin.

- ní raibh ceangal ar dheich gcinn de ghrúpaí nó pearsana aonair, ar tugadh a gcuid gníomhaíochtaí ar aird an Choimisiúin um Chaighdeáin le linn fheachtas an reifrinn ar ghinmhilleadh, clárú mar thríú páirtithe mar nach raibh feidhm ag forálacha na reachtaíochta leo, is iad sin "Mother and Child Campaign", "Youth Defence", "Family Solidarity", "Maynooth Life Society", "European Life Network (Ireland)", "Human Life International", "Neart", Ms. Nora Bennis, Mrs. Dana Rosemary Scallan and "Alliance for all Life".

- níor fhreagair "SPUC (UK)" comhfhreagras ón gCoimisiún um Chaighdeáin. Toisc é a bheith lasmuigh den dlínse, i gcás nach bhfaightear freagra ar chomhfhreagras, ní féidir aon bheart breise a dhéanamh i gcás "SPUC (UK)".

Ba é an reifreann ar ghinmhilleadh an chéad ócáid bhainteach mhór a tharla tar éis gur tháinig forálacha alt 23 C d'Acht 1997 i bhfeidhm. Is léir, ainneoin na fógraíochta nuachtáin agus poiblíochta eile a rinne an Coimisiún um Chaighdeáin, go raibh leibhéal íseal feasachta agus tuisceana ann maidir leis na hoibleagáidí dlíthiúla a ghabhann le tríú páirtithe i ndáil leis an reifreann. Le heisceacht "SPUC (UK)", ghlac gach grúpa agus pearsa aonair ar tháinig a bpáirtíocht san fheachtas ar aird an Choimisiúin um Chaighdeáin céimeanna chun na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh.

Tá gach iarracht réasúnach déanta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh pearsana aonair nó grúpaí atá clúdaithe ag an reachtaíocht a gcuid freagrachtaí dlíthiúla. D'fhéadfadh sé gur amhlaidh a bhí pearsana aonair nó grúpaí, seachas iad sin a tháinig ar aird an Choimisiúin um Chaighdeáin, páirteach i bhfeachtas an reifrinn ar ghinmhilleadh agus gur cheart dóibh clárú mar thríú páirtithe tar éis dóibh síntiúis a fháil, i ndáil leis an reifreann, de luach níos mó ná €126.97. Déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin an gnó a bhreithniú agus déanfaidh sé beart cuí má thagann fianaise dá leithéid sin chun solais.

Olltoghchán don Dáil

Roimh an olltoghchán don Dáil, chuir an Coimisiún um Chaighdeáin fógra poiblí sna nuachtáin laethúla náisiúnta Déardaoin, an 25 Aibreán 2002, i nuachtáin an Domhnaigh ar an 28 Aibreán 2002 agus sna nuachtáin chúigeacha le linn na seachtaine dar tús an 29 Aibreán 2002, inar cuireadh faisnéis ar fáil maidir le hoibleagáidí tríú páirtithe. Foilsíodh nóta míniúcháin inar tugadh achoimre ar fhorálacha iomchuí na reachtaíochta ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin (www.sipo.ie). (Lánscoireadh don 28ú Dáil ar an 25 Aibreán 2002.)

Seo a leanas an seasamh maidir leis na grúpaí agus na pearsana aonair sin a bhí gníomhach le linn fheachtas an olltoghcháin i ndáil leis an gceanglas clárú mar thríú páirtithe:

- bhí grúpa amháin, "Pro-Life Campaign", cláraithe cheana mar thríú páirtí chun críche an reifrinn ar ghinmhilleadh.

- chláraigh ceithre ghrúpa, “No Incinerator Alliance”, “N9 Action Group”, “Galway for Safe Environment” agus “Elect Carlow Candidates Organisation” i ndiaidh mhalratú comhfhreagrais.

- mar nach bhfuair siad síntiúis chun críocha polaitíochta, ní raibh aon ghá do na 10 gcinn de ghrúpaí nó pearsan aonair seo a leanas, ar tháinig a gcuid gníomhaíochtaí ar aird an Choimisiúin um Chaighdeáin, clárú, “N9/N10 Unified Group”, “Vote Local Vote Drogheda Campaigh”, Joe McManus, “Fluoride Free Water”, “Farmers Positive Action Group”, “National Women’s Council of Ireland”, “Ennis Chamber of Commerce”, “Focus Ireland”, “Anti Facist Action” agus “Amnesty International”.

- ní raibh aon fhianaise ach an oiread ar shíntiúis a bheith faighte ag na hocht gcinn de ghrúpaí nó pearsan aonair seo a leanas, “Navan Lobby Group”, “Ballyfin Parents Council”, Michael Prendergast, “Campaign Against Service Charges”, “Aontas Mac Léinn na hÉireann”, “MIJAG”, “Campaign Against the Bin Tax” agus “The Carers Association”.

- níl aon fhreagra ar chomhfhreagras faighte ó “Residents Against Racism”. Mar go ndealraíonn sé, áfach, go ndearnadh a gcaiteachas toghcháin, má bhí a leithéid ann, a mhaoiniú ó tháillí comhaltais, ní dhéanfar an cás seo a shaothrú tuilleadh.

Tá gach iarracht déanta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin dul i mbun plé leis na pearsana aonair agus na grúpaí sin a bhí páirteach san fheachtasaíocht ag an toghchán. D’fhéadfadh sé gur cheart go gcláródh grúpaí nó pearsana aonair eile mar thríú páirtithe tar éis dóibh síntiúis a fháil chun críocha polaitíochta de luach de bhreis is €126.97 i ndáil leis an toghchán. Má thagann fianaise ar aon ghrúpaí nó pearsana aonair dá leithéidí chun solais, déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin an gnó a bhreithniú agus déanfaidh sé beart cuí.

An Reifreann ar Chonradh Nice

Bhí vótaíocht ag an reifreann ar Chonradh Nice ann ar an 19 Deireadh Fómhair 2002. D’fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin fógra poiblí, inar cuireadh faisnéis ar fáil maidir le hoibleagáidí tríú páirtithe, sna nuachtáin laethúla agus i nuachtáin an Domhnaigh ar an 13 agus ar an 15 Meán Fómhair, faoi seach. Foilsíodh nóta míniúcháin inar tugadh achoimre ar fhorálacha iomchuí na reachtaíochta ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin (www.sipo.ie).

Seo a leanas an seasamh maidir leis na grúpaí agus na pearsana aonair sin a bhí páirteach i bhfeachtas an reifrinn ar Chonradh Nice:

- chláraigh sé cinn déag de ghrúpaí nó pearsana aonair leis an gCoimisiún um Chaighdeáin, is iad sin, “Ireland for Europe”, “Irish Alliance for Europe”, “European Access Providers Limited”, “IFSC for Yes”, “No to Nice Campaign”, “Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann”, “Disability Alliance for Europe”, “Concerned Christians against Nice”, “Equal in Europe”, “The National Platform”, Mr. Anthony Coughlan, “Immigration Control Platform”, “Alliance Against Nice”, “Women for a Yes Vote”, “Democrats against Nice” agus “Peace and Neutrality Alliance”.

- níor ghá do “Afri”, “Yes to Nice.com”, “Comhar Ceardchumann na hÉireann”, “Cumann Lucht Tráchtála Bhaile Átha Cliath”, “Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann” agus “Cumann Lucht Tráchtála Chorcaí” clárú mar thríú páirtithe.

- cé nach bhfuarthas aon fhreagra ó “European Movement Ireland”, ní raibh aon fhianaise ann go bhfuair sé síntiús de bhreis is €126.97 chun críocha polaitíochta agus, dá bhrí sin, ní raibh aon fhianaise ann gur ceart dó clárú mar thríú páirtí.

- i ndáil le grúpa amháin, “Libertarians Against Nice”, a bhain úsáid as uimhir bosca poist, ag tráth scríofa na Tuarascála seo tá an Coimisiún um Chaighdeáin i mbun comhfhreagrais leis an bPost leis an aidhm ainm agus seoladh an tsíntiúsóra d’uimhir an Bhosca Poist a fháil.

Le linn fheachtais an reifrinn ar Chonradh Nice bhí an chuma air go raibh feasacht i bhfad níos mó ar na ceanglais i ndáil le tríú páirtithe ná mar a bhí i gcás an reifrinn ar ghinmhilleadh nó ar an olltoghchán don Dáil. Bhí teagmháil déanta leis an gCoimisiún um Chaighdeáin ag seacht gcinn de na grúpaí/pearsana aonair a bhí tar éis clárú mar thríú páirtithe sula raibh an fógra poiblí le feiceáil sna nuachtáin. Rinne ocht gcinn eile teagmháil leis an gCoimisiún um Chaighdeáin tar éis gur foilsíodh an fógra. I gcás an ghrúpa eile a chláraigh rinne sé amhlaidh tar éis go ndearna an Coimisiún um Chaighdeáin teagmháil leis.

Chuir an Coimisiún um Chaighdeáin tuarascáil faoi bhráid an Chinn Comhairle ar ghníomhaíochtaí na dtríú páirtithe dá dtagraítear thuas mar go raibh fonn air achoimre a thabhairt do Thithe an Oireachtais agus don Aire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil ar na saincheisteanna atá tagtha chun solais sa mhaoirseacht ar an ngné seo den reachtaíocht. Ina theannta sin, d’fhéadfadh an tuarascáil a bheith úsáideach don Aire agus do na Tithe le linn dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht, mar a thug an tAire le fios ina óráid don Seanad le linn na díospóireachta ar an mBille Toghcháin (Leasú), 2002. Tá an tuarascáil le fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin (www.sipo.ie).

Ní mór do phearsa fhreagrach na dtríú páirtithe sin go léir (.i. an phearsa nó na pearsana atá freagrach as eagrú, bainistiú nó gnóthaí airgeadais an tríú páirtí) atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chaighdeáin agus ag a bhfuil síntiús airgeadaíochta de bhreis is €126.97 faighte ráiteas a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, faoin 31 Márta 2003, ráiteas, arna sholáthar ag an institiúid airgeadais ina bhfuil an tríú páirtí tar éis cuntas síntiús polaitíochta a oscailt, ina sonraítear na hidirbhearta atá déanta i ndáil leis an gcuntas le linn na bliana roimhe. Ní mór don phearsa fhreagrach freisin teastas a sholáthar ina luaitear go ndearnadh gach síntiús airgeadaíochta a fuair an tríú páirtí le linn na bliana roimhe a thaisceadh sa chuntas sin agus gur úsáideadh gach méid a cuireadh do dhochar an chuntais chun críocha polaitíochta. Ní mór dearbhú reachtúil a chur in éineacht leis an teastas a dhearbhaíonn, go feadh eolas na pearsan, go bhfuil an teastas ceart i ngach gné ábhartha agus go bhfuil gach beart réasúnach déanta ag an bpearsa d’fhonn a bheith sásta le cruinneas an teastais. De réir théarmaí na reachtaíochta, ní chuirtear na teastais, ráitis agus dearbhuithe reachtúla sin faoi bhráid na dTithe agus ní chuirtear ar taispeáint don phobal iad.

Ullmhóidh agus foilseoidh an Coimisiún um Chaighdeáin tuarascáil ar theastais, ráitis agus dearbhuithe reachtúla nuair atá an t-ábhar bainteach faighte agus breithnithe.

Aonaid Chuntasaíochta

Tháinig alt 49 d’Acht 2001 i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2002 agus tugadh isteach leis aonán nua i ndáil le páirtithe polaitíochta ar a dtugtar aonaid chuntasaíochta. Ciallaíonn ‘aonad cuntasaíochta’, i ndáil le páirtí polaitíochta, brainse, lena n-áirítear ceannoifig páirtí polaitíochta más aonad cuntasaíochta ar leithligh nó fo-eagraíocht eile den pháirtí é, a fhaigheann in aon bhliain áirithe síntiús de luach os cionn €126.97. Ar fáil síntiúis dá leithéid, ar síntiús airgeadaíochta é, ceanglaítear ar an aonad cuntasaíochta cuntas in institiúid airgeadais a oscailt agus a chothabháil agus an síntiús sin agus aon síntiús airgeadaíochta eile a fhaigheann sé, cuma cén luach é, a thaisceadh sa chuntas sin.

Ceanglaítear ar aonad cuntasaíochta gan glacadh, go díreach nó trí aon idirghabhálaí, le síntiús a sáraíonn a luach €6,348.69 ó aon phearsa ar leith in aon bhliain ar leith.

Ceanglaítear ar aonad cuntasaíochta gan glacadh, go díreach nó trí aon idirghabhálaí, le síntiús d'aon luach arna thabhairt ag -

(a) pearsa aonair (seachas saoránach Éireannach) a chónaíonn lasmuigh d'oileán na hÉireann, nó

(b) comhlacht corpraithe nó comhlacht neamhchorpraithe pearsan nach bhfuil oifig in oileán na hÉireann aige, ar oifig í óna ndéantar ceann nó níos mó dá phríomhghníomhaíochtaí a stiúradh.

Ceanglaítear ar oifigeach cuí gach páirtí polaitíochta an Coimisiún um Chaighdeáin a chur ar an eolas, a luaithe is féidir agus ó am go ham ina dhiaidh sin de réir mar is gá faoi na himthosca, faoi ainm agus seoladh gach aonaid cuntasaíochta de chuid an pháirtí polaitíochta agus faoi ainm an duine nó ainmneacha na ndaoine atá freagrach as an aonad cuntasaíochta. Ciallaíonn 'duine freagrach', i ndáil le haonad cuntasaíochta, an cisteoir nó aon phearsa eile atá freagrach as déileáil le síntiúis don aonad.

Ní mór do dhuine freagrach gach aonaid cuntasaíochta, faoin 31 Márta 2003 i ndáil leis an mbliain 2002, ráiteas a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin arna sholáthar ag an institiúid airgeadais ina bhfuil an t-aonad cuntasaíochta tar éis an cuntas síntiús polaitíochta a oscailt, ina sonraítear na hidirbhearta atá déanta i ndáil leis an gcuntas le linn na bliana roimhe in éineacht le teastas sínithe ag an duine freagrach ina luaitear go ndearnadh gach síntiús airgeadaíochta a fuair an t-aonad cuntasaíochta le linn na bliana roimhe a thaisceadh sa chuntas sin agus gur úsáideadh gach méid a cuireadh do dhochar an chuntais chun críocha polaitíochta. Ní mór dearbhú reachtúil a chur in éineacht leis an teastas a dhearbhaíonn, go feadh eolas na pearsan, go bhfuil an teastas ceart i ngach gné ábhartha agus go bhfuil gach beart réasúnach déanta ag an bpearsa d'fhonn a bheith sásta le cruinneas an teastais. De réir théarmaí na reachtaíochta, ní chuirtear na teastais, ráitis agus dearbhuithe reachtúla sin ar taispeáint don phobal.

Athbhreithniú ar Reachtaíocht

Mar atá ráite thuas, thug an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, ina óráid leis an Seanad le linn na díospóireachta ar an mBille Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 2002, le fios go mbeadh sé ag déanamh athbhreithnithe ar an hAchtanna Toghcháin. Bunaithe ar thaithí ó mhaoirseacht a dhéanamh ar an reachtaíocht le blianta beaga anuas, lena n-áirítear le linn an olltoghcháin do Dháil Éireann i 2002, comhaontaíonn an Coimisiún um Chaighdeáin go bhfuil athbhreithniú ar a hoibriú ag an gcéim seo tráthúil. Ag éirí as an athbhreithniú sin agus as aon reachtaíocht leasaitheach a d'fhéadfadh teacht as, tá an Coimisiún um Chaighdeáin ag súil nach laghdófar bunphrionsabail na reachtaíochta, i réimsí mar nochtadh síntiús, cosc ar ghlacadh le cineálacha agus luachanna áirithe síntiús, teorainneacha ar chaiteachas toghcháin agus rochtain phoiblí ar ábhar. Tá an Coimisiún um Chaighdeáin den tuairim gur ceart cuid mhaith gnéithe teicniúla den reachtaíocht a scrúdú d'fhonn a feidhmiú a shimpliú ar roinnt bealaí. Maidir leis sin, tá cuireadh ón Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil glactha ag an gCoimisiún um Chaighdeáin chun a chuid tuairimí a thabhairt. Déanfar é sin le linn 2003.

Tuarascáil Bhliantúil 2002

3

Caibidil 4

Saoráil Faisnéise

Le linn 2002 fuarthas iarraidh amháin ar fhaisnéis agus réitíodh ina hiomláine í. Bhain an iarraidh le “Gach taifead (in aon fhoirm) maidir le nó a thagraíonn don ‘Tuarascáil Measúnachta ar Éirinn’ le GRECO”.

Is amhlaidh, gan dabht, go bhfuil formhór mór an ábhair a chuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoi na hAchtanna Toghcháin ar fáil le haghaidh imscrúdaithe phoiblí agus le cóipeáil ag an oifig agus ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin. Tá cosc ginearálta, áfach, ar an nochtadh faisnéise arna fáil faoi na hAchtanna um Eitic, seachas in imthosca sainiúla mar a thuairiscítear in alt 35 d’Acht 1995. Is cion é faoin reachtaíocht na forálacha i gceist a shárú, forálacha nach bhfuil ionadaithe ag an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997.

Tuarascáil Bhliantúil 2002

4

Caibidil 4

Costais i 2002

I dTábla J thíos tugtar achoimre ar an gcaiteachas a thabhaigh an Coimisiún um Chaighdeáin i 2002. Taispeántar na figiúirí do 2001 freisin chun críocha comparáide. Soláthraítear don chaiteachas i bhFo-mhírcheann B de Vóta 17 [Ombudsman].

Taispeánann na figiúirí go léir, le heisceacht Táillí Comhairleachta agus Dlíthiúla, méadú suntasach i 2002 thar 2001 mar, den chuid is mó, gur tionóladh olltoghcháin do Dháil Éireann agus do Sheanad Éireann i 2002. Earcaíodh baill foirne bhreise chun an t-ualach oibre a ghabhann le holltoghcháin agus réimsí móra eile freagrachta sannta don Choimisiún um Chaighdeáin faoi na hAchtanna um Eitic agus na hAchtanna Toghcháin a bhainistiú.

Bhí an méadú ar Thaisteal agus Costais mar thoradh ar an gclár cuairteanna réigiúnacha a thug baill foirne an Choimisiúin um Chaighdeáin i ndáil leis an olltoghchán don Dáil, mar a thuairiscítear níos túisce sa tuarascáil seo.

Clúdaíonn an figiúr do Chostais Theagmhasacha costas fógraí poiblí i nuachtáin náisiúnta agus áitiúla de ghnáth ina bhfógraítear infhaighteacht ábhair a chuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoi na hAchtanna Toghcháin le haghaidh scrúdain phoiblí agus ina ndírítear aird ar oibleagáidí reachtúla cuideachtaí, ceardchumann, cumann foirgníochta, srl., maidir le sonraí faoi shíntiúis tugtha acu a nochtadh. Foilsíodh fógraí poiblí breise i 2002 chun daoine, seachas iarrthóirí agus páirtithe polaitíochta, a raibh sé beartaithe acu costais a thabhú ag an olltoghchán don Dáil a chur ar an eolas faoi cheanglais na reachtaíochta maidir leis sin. Foilsíodh fógraí poiblí ar leithligh freisin chun aird a tharraingt ar cheanglais dhlíthiúla tríú páirtithe a raibh sé beartaithe acu bheith páirteach sa reifreann ar ghinmhilleadh agus ar an reifreann ar Chonradh Nice.

Tá an méadú faoin gceannteideal Postas agus Teileachumarsáid inchurtha síos do na holltoghcháin don Dáil agus don Seanad.

Tá na méaduithe faoi na ceannteidil Innealra Oifige agus Soláthairtí Oifige Eile agus Áitreabh Oifige inchurtha síos d'athlonnú oifig an Choimisiúin um Chaighdeáin go Teach an Longfoirt, Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath, le linn 2002.

Léiríonn an laghdú ar Tháillí Comhairleachta agus Dlíthiúla an chaoi go ndearna an t-iar-Choimisiún um Oifigí Poiblí imscrúdú foirmiúil faoi na hAchtanna um Eitic i 2001 agus, chomh maith le seirbhísí breise arna soláthar ag a aturnae, d'fhostaigh sé Abhcóide Sóisearach agus Sinsearach chun na críche sin. Ní raibh aon imscrúdú comhchosúil ann i 2002.

Tábla J: Caiteachas arna thabhú i 2002

	2002 €'000	2001 €'000
Tuarastail Foirne	396	277
Taisteal & Costais	19	3
Costais Theagmhasacha	167	60
Postas & Teileachumarsáid	13	9
Innealra Oifige agus Soláthairtí Oifige Eile	63	34
Áitreabh Oifige	87	10
Táillí Comhairleachta & Dlíthiúla	24	86
Iomlán	**769**	**479**

18 Lower Leeson Street, Dublin 2.

Tel: (01) 6395666 Fax: (01) 6395684
Email: sipo@ombudsman.gov.ie
Website: www.sipo.ie

ISBN: 0-7557-1320-6

ISSN: 1393-9963

Price: €6.00

PN: 11331